Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13548/22**

**INST 372**
**POLGEN 134**
**COMPET 792**
**CODEC 1517**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 518 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le hEoraip a dhéanann beart de réir a bhriathair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 518 final.

Faoi iamh: COM(2022) 518 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.10.2022
COM(2022) 518 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le hEoraip a dhéanann beart de réir a bhriathair**

# Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le hEoraip a dhéanann beart de réir a bhriathair

## I. RÉAMHRÁ

Is comhphobal dlí é an tAontas Eorpach atá bunaithe ar luachanna coiteanna na mBallstát. Dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus an smacht reachta a urramú, tá an méid sin ag croílár an Aontais. Is é an dlí an acmhainn is fearr atá ag an Aontas chun tairbhí an Aontais a chur ar fáil do dhaoine, do ghnólachtaí agus don chomhshaol. Tá prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais bunaithe ar phrionsabal an chomhionannais i bhfianaise na gConarthaí. Cinntíonn sé cearta comhionanna do chách ar fud an Aontais, rud a fhágann gur cheart an bhrí chéanna a bheith ag forálacha uile dhlí an Aontais sna Ballstáit uile agus gur cheart iad a chur i bhfeidhm ar an mbealach céanna iontu. Is é an dlí an bonn ar a bhféadfaidh an tAontas an leas is mó is féidir a bhaint as an margadh inmheánach, an t-aistriú i dtreo Eoraip atá níos glaise agus níos digití a spreagadh, agus ár luachanna, comhar breithiúnach éifeachtach agus slándáil an Aontais a chosaint agus a chur chun cinn. Sin an chúis a bhfuil córas riailbhunaithe lárnach i bhfís an Aontais, san Eoraip agus ar fud an domhain, agus ar réamhriachtanas é maidir le cothroime, daonlathas agus an urraim do chearta bunúsacha. Tá an Coimisiún tiomanta do dhlús a chur lena chuid oibre chun cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú. Príomhshruthaí oibre amhail na tuarascálacha bliantúla maidir leis an Smacht Reachta[1], an plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach[2] agus an straitéis athnuaite maidir le cur chun feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais[3] ('an Chairt'), i dteannta a chéile neartaíonn siad go mór bunchlocha dlíthiúla agus daonlathacha an Aontais.

Tá forfheidhmiú dhlí an Aontais ríthábhachtach ó thaobh na sprice sin. Tá sé sin ar cheann de chroí-mhisin an Choimisiúin, agus i gconarthaí an Aontais, ar chuir na Ballstáit a n-ainm leo, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún ról Chaomhnóir na gConarthaí[4], agus caomhnóir dhlí an Aontais i gcoitinne. Leis an ról uileghabhálach sin, tá an fhreagracht lárnach ar an gCoimisiún as forfheidhmiú. Bealach tábhachtach ina gcomhlíonann sé an ról sin is ea oibriú leis na Ballstáit, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar conas a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme agus i bhfeidhm. Leagtar amach go mion sa Teachtaireacht seo an chaoi a gcomhlíonann an Coimisiún an cúram sin de réir mar a dhéantar reachtaíocht an Aontais a fhorbairt, a thrasuí sa dlí náisiúnta, a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Ar an gcaoi chéanna agus a dhíríonn an Coimisiún ar an smacht reachta a chosaint trí fhadhbanna a chosc chun nach dtagann siad chun cinn, is é an bealach is fearr chun dlí an

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún, '*2022 Rule of Law Report - The rule of law situation in the European Union* [Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach], COM(2022) 500 final.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún, *On the European democracy action plan* [Maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach], COM/2020/790 final.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Strategy to strengthen the application of the Charter of Fundamental Rights in the EU* [Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas a neartú], COM(2020) 711 final.

[4] Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Aontais a fhorfheidhmiú ná sáruithe a chosc ar an gcéad dul síos. Tá comhar laethúil idir an Coimisiún agus na Ballstáit fíor-riachtanach chun comhlíonadh luath a áirithiú. Ach i ndeireadh na dála, is minic a bhíonn gá le nósanna imeachta um shárú, an fhéidearthacht na Ballstáit a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais') san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar dhlí an Aontais.

Cinntíonn forfheidhmiú éifeachtach go mbaineann daoine agus gnólachtaí san Aontas tairbhe as na buntáistí a bhaineann le rialacha a chomhaontaítear go comhchoiteann a luaithe is féidir, agus gur féidir leo brath ar urramú a gceart bunúsach i gcónaí, is cuma cá háit a bhfuil siad ina gcónaí nó a n-oibríonn siad san Aontas. Sin an chúis a dtacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit go luath sa phróiseas chun rialacha an Aontais a chomhtháthú ina ndlíchóras, chun a chinntiú go gcuirfear dlí an Aontais chun feidhme agus i bhfeidhm i gceart ón tús. Mínítear leis sin freisin an chúis nach tomhas maith ar iarrachtaí forfheidhmiúcháin an Choimisiúin i gcónaí iad na figiúirí maidir le nósanna imeachta um shárú astu féin, iarrachtaí lena bhféachtar le teacht chun cinn sáruithe a sheachaint agus, má tharlaíonn siad, le deireadh a chur leo a luaithe is féidir.

Chomh maith leis an gCoimisiún agus na rialtais náisiúnta, tá ról lárnach ag gníomhaithe eile freisin maidir le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá ról foirmiúil ag cuid acu, amhail cúirteanna náisiúnta, údaráis náisiúnta iomaíochta agus rialála nó údaráis reachtúla amhail údaráis um chosaint tomhaltóirí nó údaráis mhaoirseachta neamhspleácha um chosaint sonraí. Cuidíonn an tsochaí shibhialta agus daoine aonair le haird a tharraingt ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt orthu.

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo conas a rinne an Coimisiún a chuid oibre maidir le forfheidhmiú a dhoimhniú agus a fhorbairt chun a chinntiú go gcaomhnaítear dlí an Aontais ar an mbealach céanna sna Ballstáit uile, agus na tairbhí nithiúla a thagann as a chuid oibre maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú, chun go n-uasmhéadaítear na tairbhí sin i saol laethúil na ndaoine san Aontas[5].

## II. LEAS A BHAINT AS TAIRBHÍ DHLÍ AN AONTAIS

Tá daoine agus gnólachtaí ag brath ar rialacha an Aontais a comhaontaíodh go comhchoiteann a bheith curtha chun feidhme nó trasuite sa dlí náisiúnta go tapa agus i gceart, agus ar iad a bheith curtha i bhfeidhm go hiomlán ag na Ballstáit. Tá forfheidhmiú rialacha an Aontais fíor-riachtanach chun beartais an Aontais a bhaint amach, agus tá baint dhlúth aige le ceapadh beartas. Téann reachtaíocht an Aontais trí phróiseas críochnúil ina ndéantar meastóireacht ar an reachtaíocht náisiúnta agus ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ina dtéitear i gcomhairle leis an bpobal, agus ina ndéantar measúnú ar na tionchair chomhshaoil, shóisialta

[5] Tógann an Teachtaireacht seo ar Theachtaireachtaí roimhe seo, teachtaireachtaí inar sainíodh an creat oibriúcháin agus na rialacha maidir le gníomhaíocht an Choimisiúin i dtaca le gearáin agus sáruithe, agus ní thagann sí ina n-ionad. Féach go háirithe an Teachtaireacht ón gCoimisiún, *EU law: Better results through better application* [Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr a bhuí le cur chun feidhme níos fearr] (C(2016)8600), (dá ngairtear 'Teachtaireacht 2016' anseo feasta).

agus eacnamaíocha[6]. Glactar í ag deireadh próisis reachtaigh atá cuimsitheach agus trédhearcach ina bhfuil Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle páirteach, chun deis labhartha a thabhairt do pholaiteoirí agus don lucht ceaptha beartas maidir le conas a chuirfear chun feidhme sa chleachtas na dlíthe atá á bplé. Má tá na gníomhartha a ghlactar chun an tionchar atá beartaithe a bheith acu, ní mór iad a chur i bhfeidhm sna Ballstáit uile ar bhealach atá iomlán, ceart, cothrom agus tráthúil.

### *Cead a thabhairt do dhaoine obair agus gnó a dhéanamh aon áit san Aontas*

A bhuí le rialacha an Aontais maidir le h**aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla**, is fusa do ghairmithe seirbhísí a sholáthar ar fud an Aontais, agus rathaítear cosaint níos fearr do thomhaltóirí san am céanna. Ach chuir na Ballstáit na rialacha sin chun feidhme go neamhréireach, agus bhí nósanna imeachta níos troime i gceist i gcás oibrithe agus daoine féinfhostaithe i roinnt Ballstát ná mar a bhí i mBallstáit eile. Mar gheall ar nósanna imeachta um shárú, leasaigh na Ballstáit a reachtaíocht, rud a chinntíonn go mbaineann saoránaigh agus gnólachtaí tairbhe as buntáistí na rialacha sin. Ina theannta sin, tar éis comhoibriú sa Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair, bhain na Ballstáit 217 ngairm de liosta na ngairmeacha dá raibh réamhsheiceáil ag teastáil, agus dá bharr sin tá sé níos éasca ag oibrithe seirbhísí a chur ar fáil sna Ballstáit sin.

**Córais slándála sóisialta** náisiúnta na mBallstát a chomhordú níos fearr, cuidíonn sé sin le daoine freisin a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú go héifeachtach. Chun saorghluaiseacht na n-oibrithe agus comhordú na gcóras slándála sóisialta a chosaint, sheol an Coimisiún nósanna imeachta in aghaidh dhá Bhallstát toisc gur dheonaigh siad méideanna níos ísle sochar teaghlaigh do shaoránaigh den Aontas Eorpach a oibríonn sa dá thír sin, saoránaigh a bhfuil cónaí ar a leanaí i mBallstát ina meastar go bhfuil an costas maireachtála níos ísle. I gceann de na cásanna sin, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais seasamh an Choimisiúin cheana féin nuair a rialaigh sí go bhfuil sé in aghaidh an dlí sochair theaghlaigh a choigeartú de réir stát cónaithe na leanaí is tairbhithe.

Le sásra comhair **SOLVIT** chun fadhbanna trasteorann a réiteach, is féidir sáruithe féideartha ar dhlí an Aontais a shainaithint níos luaithe agus sásamh láithreach a chur ar fáil do na gnólachtaí nó do na daoine aonair a ndéantar difear dóibh. Tugann sé aghaidh ar fhadhbanna agus bacainní praiticiúla a bhíonn roimh dhaoine agus iad ag obair, ina gcónaí nó i mbun gnó i mBallstáit eile[7]. Na húdaráis náisiúnta atá i líonra SOLVIT, oibríonn siad as lámh a chéile chun rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm agus baineann siad úsáid fhorleathan as an gcuidiú agus an saineolas a chuireann an Coimisiún ar fáil[8]. Ní hamháin

---

6 I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, 3.11.2021 https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation-why-and-how/better-regulation-guidelines-and-toolbox_en

7 Moladh ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2013 maidir leis na prionsabail lena rialaítear SOLVIT, C(2013) 5869 final.

8 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *SOLVIT's Helping Hand in the Single Market: celebrating 20 years* [Lámh Chúnta SOLVIT sa Mhargadh Aonair: comóradh a dhéanamh ar 20 bliain], SWD(2022) 325 final.

go n-aimsíonn lárionaid náisiúnta SOLVIT réitigh ar chásanna aonair éagsúla, ach cuidíonn siad freisin le fadhbanna struchtúrtha a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a shainaithint agus le haghaidh a thabhairt orthu[9].

Tá costas ag baint le neamhchomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh moill, dá bharr, ar chosaint ceart bunúsach nó go mbeadh an chosaint sin níos cúinge ó thaobh raon feidhme de, rud a bhainfeadh an bonn de chearta amhail cóir chomhionann agus an tsaorghluaiseacht. D'fhéadfadh sé ualaí ar an bpobal agus ar ghnólachtaí a bhuanú. D'fhéadfadh sé go mairfeadh damáiste don chomhshaol dá bharr. D'fhéadfadh sé go lagófaí cosaint tomhaltóirí nó oibrithe, nó cosaint iarrthóirí tearmainn, dá bharr, nó go gcuirfí moill ar an gcosaint sin. Tá tionchar ar leith ar dhaoine atá ag obair nó ag taisteal thar theorainneacha, nó ag trasnú teorainneacha chun críoch eile[10], daoine ar gá dóibh dul in oiriúint do rialacha éagsúla ag brath ar an gcaoi a gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm. Trí rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm go mícheart, déantar an iomaíocht sa mhargadh aonair a shaobhadh freisin, rud a bhaineann an bonn den chothroime iomaíochta do ghnólachtaí ar fud an Aontais.

I gcás ina sáraíonn na Ballstáit rialacha an Aontais trí chonstaicí a thabhairt isteach laistigh den mhargadh aonair, nó trí chur suas leo, chun buntáistí a chruthú do ghnólachtaí, is minic na gnóthachain fhéideartha a bheith ann go gearrthéarmach, ach is féidir leis an tionchar marthanach ar ghnólachtaí a bheith i bhfad níos díobhálaí, rud a fhágann go bhfuil sé i bhfad níos deacra do na gnólachtaí uile leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an margadh aonair[11].

### *Costais a bhaineann le rialacha a chur i bhfeidhm go mícheart nó go neamhiomlán*

Na bacainní atá ann cheana laistigh den **mhargadh aonair**, i roinnt mhaith cásanna, tá siad ann mar gheall ar chur i bhfeidhm mícheart nó neamhiomlán Chonarthaí agus reachtaíocht an Aontais[12]. Déantar difear ar leith do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta ós rud é gurb iad is túisce a mbíonn tionchar ag ualaí riaracháin agus castacht orthu, go háirithe agus iad ag trasnú teorainneacha chun gnó a dhéanamh laistigh den mhargadh aonair. Trí rialacha a chur i bhfeidhm go mícheart, cuirtear bac freisin ar bharainneacht scála a chuireann an margadh aonair ar fáil, rud a dhéanann dochar do leasanna tomhaltóirí. Déanann rialacha neamhréireacha dochar do réigiúin trasteorann go háirithe[13].

---

9 https://ec.europa.eu/solvit/index_en.htm

10 Mar shampla, oideachas, cúram sláinte, gníomhaíochtaí cultúrtha agus fóillíochta eile, etc.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules* [An plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr], COM(2020) 94 final.

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Identifying and addressing barriers to the Single Market* ['Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu'], COM(2020) 93 final.

13 Tuarascáil ón gCoimisiún, *EU Border regions: Living labs of European integration* [Réigiúin teorann an Aontais: Saotharlanna beo na lánpháirtíochta Eorpaí], COM(2021) 393 final, agus Teachtaireacht ón

Tá forfheidhmiú láidir **rialacha iomaíochta** fíor-riachtanach chun go mbainfidh gnólachtaí agus tomhaltóirí tairbhe as an margadh aonair. Mura gcuirtear na rialacha sin i bhfeidhm i gceart, baintear an bonn den chothroime iomaíochta do ghnólachtaí, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh praghsanna níos airde agus níos lú roghanna a bheith roimh thomhaltóirí.

Ní hamháin go bhfuil sé fíor-riachtanach **beartas comhshaoil** agus dlí comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme ar mhaithe le comhshaol folláin, ach cruthaítear deiseanna nua freisin leis d'fhás eacnamaíoch, do phoist agus d'iomaíochas. D'fhéadfadh cur chun feidhme iomlán reachtaíocht chomhshaoil an Aontais thart ar EUR 55 bhilliún a shábháil gach bliain ó thaobh costais sláinte agus costais dhíreacha ar an gcomhshaol de[14].

### *Tairbhí a bhaineann le rialacha cánach nua an Aontais a chur chun feidhme go pras*

Tháinig **rialacha nua maidir le cáin bhreisluacha (CBL) le haghaidh ríomhthráchtála** i bhfeidhm in 2021 mar chuid den obair chun cothroime iomaíochta níos fearr a chinntiú agus rialacha CBL a shimpliú. Is féidir le díoltóirí ar líne clárú anois ar thairseach leictreonach ('ionad ilfhreastail') agus a n-oibleagáidí CBL uile a chomhlíonadh maidir le díolacháin ar fud an Aontais. Thug an Coimisiún tacaíocht agus treoraíocht maidir leis na rialacha nua do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara a ndearnadh difear dóibh. Chuidigh sé sin leis na rialacha nua CBL ríomhthráchtála a chur chun feidhme go rianúil agus le hioncam CBL arbh fhiú EUR 8.8 billiún é a bhailiú tríd an tairseach nua, EUR 700 milliún in ioncam nua CBL[15] san áireamh, agus le clárú 100 000 díoltóir ar líne tríd an ardán leictreonach.

Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit rialacha an Aontais i bhfeidhm go hiomlán agus go comhsheasmhach ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus ar mhaithe leis an muinín atá ag daoine agus gnólachtaí as institiúidí náisiúnta agus as an Aontas i gcoitinne. Is fíor sin go háirithe maidir lenár gcomhluachanna, cearta bunúsacha, an smacht reachta, ceithre shaoirse bhunúsacha an Aontais, agus feidhmiú an mhargaidh aonair. Agus iarracht á déanamh Aontas an Chomhionannais a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go dtugtar urraim do chomhionannas agus do neamh-idirdhealú ar fud an Aontais agus gur féidir le saoránaigh leas a bhaint as an leibhéal céanna cosanta dá gcearta, is cuma cá bhfuil cónaí orthu san Aontas.

### *Saoránacht an Aontais a chosaint*

Tá scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí ('pasanna órga') i mBallstáit áirithe ina gcúis

gCoimisiún, *Boosting Growth and Cohesion in EU border regions* [Borradh a chur faoin bhFás agus faoin gComhtháthú i Réigiúin Teorann an Aontais Eorpaigh], COM(2017) 534 final.

14 Is féidir míniú breise ar an bhfigiúr sin a fháil sa staidéar dar teideal *Update of the costs of not implementing EU environmental law* [Nuashonrú ar na costais a bhaineann le gan dlí comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme], COWI agus Eunomia, 2019.

15 Sonraí atá bailí don chéad sé mhí den oibriú (*New EU VAT rules for e-commerce: Updated revenue figures point to a successful implementation* [Rialacha CBL nua an Aontais le haghaidh ríomhthráchtála: Figiúirí ioncaim cothrom le dáta a thugann le fios gur cuireadh i bhfeidhm go rathúil iad] (europa.eu)).

mhór imní le blianta beaga anuas. Náisiúntacht a dheonú go córasach, agus ar an gcaoi sin saoránacht an Aontais a dheonú, mar mhalairt ar íocaíocht réamhchinntithe agus gan nasc fíor a bheith ann le Ballstát, is sárú é sin ar choincheap shaoránacht an Aontais chomh maith le prionsabal an chomhair dhílis. Tá rioscaí tromchúiseacha ag baint leis freisin maidir le slándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach agus éilliú. Chun fanacht daingean maidir leis an seasamh nach bhfuil saoránacht an Aontais ar díol agus gur cheart aon scéim saoránachta d'infheisteoirí atá ann cheana a aisghairm gan mhoill, chuir an Coimisiún tús le nósanna imeachta ceannródaíocha um shárú in aghaidh dhá Bhallstát, agus ar deireadh tharchuir sé ceann acu chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Ina theannta sin, bhí an Coimisiún i dteagmháil le Ballstát eile a chuir deireadh lena scéim saoránachta d'infheisteoirí idir an dá linn.

### Comhionannas agus an neamh-idirdhealú a chaomhnú

Is croíluachanna de chuid an Aontais iad an meas ar dhínit an duine agus ar an gcomhionannas, croíluachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní caighdeáin eiticiúla amháin iad na luachanna sin, ach cearta bunúsacha atá cumhdaithe sa Chairt[16] agus prionsabail ghinearálta de chuid dhlí an Aontais. Ghlac an Coimisiún bearta chun cearta daoine LADTIA a chosaint, agus ar deireadh tharchur sé Ballstát amháin chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le reachtaíocht náisiúnta a dhéanann idirdhealú in aghaidh daoine ar bhonn a ngnéaschlaonta nó a bhféiniúlachta inscne.

Maidir le comhionannas inscne, agus go sonrach i ndáil le slándáil shóisialta, rinne an Coimisiún bearta in aghaidh Ballstáit maidir lena dhlí pinsin, dlí a dhéanann idirdhealú go hindíreach in aghaidh na mban agus an tréimhse ranníocaíochta atá ag teastáil le bheith i dteideal pinsin á ríomh.

### Saoirse na meán a chosaint

Is bunchloch ag sochaí dhigiteach atá oscailte, daonlathach agus inbhuanaithe é saoirse na meán agus saoirse cainte a chinntiú. Ní mór do sholáthraithe seirbhíse meán a bheith in ann rochtain a fháil ar an margadh faoi choinníollacha atá neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus a bhfuil údar oibiachtúil leo, ionas gur féidir leo oibriú gan bhac agus go neamhspleách i ngach áit san Aontas Eorpach. Tharchuir an Coimisiún Ballstát chuig an gCúirt Bhreithiúnais as rialacha teileachumarsáide an mhargaidh inmheánaigh a shárú agus as sárú a dhéanamh ar an tsaoirse cainte mar a chumhdaítear sa Chairt.

### Tacú leis an imirce dhleathach agus le cóir chomhionann do náisiúnaigh tríú tír

An tráth céanna, tallann a mhealladh ó thríú tíortha, is rud é sin a shaibhríonn ár sochaí agus a théann chun tairbhe ár ngeilleagar. Déantar foráil le rialacha an Aontais maidir le coinníollacha coiteanna iontrála agus cónaithe le haghaidh catagóirí áirithe náisiúnach ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, agus maidir le cóir chomhionann le saoránaigh den Aontas Eorpach i roinnt réimsí. Rinne an Coimisiún bearta in aghaidh

[16] Tá an ceart chun neamh-idirdhealú cumhdaithe sa Chairt, Cairt lena gcuirtear toirmeasc ar idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras.

roinnt Ballstát as bacainní nach bhfuil údar leo a thabhairt isteach do náisiúnaigh tríú tír ó thaobh rochtain a fháil ar phoist agus dul i mbun gníomhaíochtaí féinfhostaithe. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú le haghaidh ualaí iomarcacha agus ceadanna an Aontais á bpróiseáil[17]. Mar thoradh air sin, tá a reachtaíocht náisiúnta leasaithe ag roinnt Ballstát chun dlí an Aontais a chomhlíonadh, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca agus níos tarraingtí do náisiúnaigh tríú tíortha oilte cónaí agus obair san Eoraip.

### *Fuathchaint agus fuathchoireacht chiníoch agus sheineafóbach a chomhrac*

Ní hamháin go ndéanann an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht dochar do na daoine atá buailte agus don tsochaí i gcoitinne, ach buaileann siad buille trom ar luachanna an Aontais freisin. Is é an rud is tábhachtaí chun forfheidhmiú éifeachtach a bhaint amach dlús a chur le cur chun feidhme Chinneadh Réime 2008 maidir leis an bhfuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac[18]. Tá rún daingean ag an gCoimisiún a chinntiú go ndéanfar an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a choiriúlú go héifeachtach, agus tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur chun feidhme ar fud na mBallstát mar thoradh ar an straitéis sin. I ndáil leis an méid sin, athdheimhníodh i bplean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh an chiníochais go bhfuil sé ar intinn aige dul ar aghaidh le nósanna imeachta um shárú, i gcás inar gá[19]. Tar éis sraith cásanna um shárú a tionscnaíodh idir 2020 agus 2021, tá tús curtha ag roinnt Ballstát le nósanna imeachta chun a reachtaíocht a leasú, nó tá athruithe reachtacha nua glactha acu cheana féin. Mar shampla, leis na leasuithe a glacadh i mBallstát amháin, neartaítear coiriúlú agus ionchúiseamh cionta fuathchainte agus fuathchoireachta agus cuireann siad feabhas ar an gcosaint do mhionlaigh ar na coireanna sin.

### *Fórsaí in aghaidh na sceimhlitheoireachta a thabhairt le chéile*

Tá gníomhaíochta sceimhlitheoireachta ar cheann de na sáruithe is tromchúisí ar na saoirsí bunúsacha ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Meabhrúchán lom a bhí sna hionsaithe sceimhlitheoireachta i mBallstáit an Aontais go dteastaíonn uirlisí níos fearr ó phóilíní agus ó ionchúisitheoirí chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Tá Treoir 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac[20] ina bunchloch de fhreagairt ceartais choiriúil na mBallstát ar an sceimhlitheoireacht agus is cuid lárnach de chreat an Aontais um an Aontas Slándála í. Thionscain an Coimisiún imeachtaí in aghaidh roinnt Ballstát chun a chinntiú go bhfuil na coinníollacha dlíthiúla i bhfeidhm chun a chur ar a gcumas do na húdaráis náisiúnta comhoibriú le chéile agus faisnéis a mhalartú maidir le bagairtí sceimhlitheoireachta.

---

17 https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/legal-migration-and-integration/work/single-permit-work_en

18 Cinneadh Réime 2008/913/CGB an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil.

19 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *A Union of equality: EU anti-racism action plan 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh an chiníochais don tréimhse 2020-2025], COM(2020) 565 final.

20 Treoir (AE) 2017/541 an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

## III. DLÍ AN AONTAIS A CHUR CHUN FEIDHME AGUS A CHUR I BHFEIDHM: COMHIARRACHT

Déanann an Coimisiún maoirseacht ar an gcaoi a n-urramaíonn na Ballstáit dlí an Aontais, agus baineann sé úsáid as uirlisí éagsúla chun a chur i bhfeidhm ceart a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, cuir i gcás imeachtaí um shárú. Mar sin féin, chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach ar an láthair a bhaint amach, is gá do roinnt gníomhaithe eile a gcion féin a dhéanamh freisin. Is cuid den fhorfheidhmiú é comhoibriú agus oibriú as lámh a chéile leis na Ballstáit ar an gcéad dul síos, chomh maith le húdaráis speisialaithe amhail údaráis tomhaltóirí nó údaráis cosanta sonraí, údaráis iomaíochta agus rialála, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gnólachtaí agus an pobal. Chun go bhfeidhmeoidh an córas go héifeachtach, braitheann sé ar thiomantas iomlán na n-údarás náisiúnta atá freagrach as an dlí a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go cuí, agus ar rannpháirtíocht an phobail, na sochaí sibhialta, gnólachtaí agus eile chun sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint.

Is cúirteanna de chuid an Aontais iad **cúirteanna náisiúnta** agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm acu, agus tá ról thar a bheith tábhachtach acu i slabhra an fhorfheidhmiúcháin. I gcás ina ndéantar difear do chearta shaoránaigh nó ghnólachtaí den Aontas laistigh de na Ballstáit, ní mór rochtain a thabhairt dóibh ar shásamh náisiúnta atá tapa agus éifeachtach, i gcomhréir le prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí[21]. Is dá bharr sin nach mór dóibh a bheith neamhspleách, neamhchlaonta agus bunaithe le dlí.

An tráth céanna, tá sé de cheart ag cúirteanna na mBallstát, agus i gcásanna áirithe tá an dualgas orthu fiú, ceisteanna a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais mura bhfuil siad cinnte conas dlí an Aontais a léirmhíniú nó a chur i bhfeidhm. Tá an t-idirphlé sin trí bhíthin tarchur chun réamhrialú don Chúirt Bhreithiúnais fíor-riachtanach chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, bunaithe ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus chun cearta na saoránach a chaomhnú[22]. Baineann an Coimisiún úsáid chórasach as an gceart atá aige barúlacha a chur isteach sna nósanna imeachta um réamhrialú atá os comhair na Cúirte Breithiúnais[23]. Má chinneann an Chúirt gur sáraíodh dlí an Aontais, tá sé d'oibleagáid ar an gcúirt a rinne an tarchur an sárú sin a leigheas sa chás nithiúil atá os a comhair.

Ina theannta sin, ní hamháin go ndéanann an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh an bhreithiúnais ag an mBallstát aonair, ach cinntíonn sé freisin go gcuireann gach Ballstát eile an caighdeán atá leagtha síos ag an gCúirt Bhreithiúnais i bhfeidhm freisin. Dá bhrí sin, an

[21] Airteagal 19(1), an dara fomhír, den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[22] Bíonn tionchar sistéamach ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais ag cásanna rialacha nó cleachtais náisiúnta a chuireann bac ar an nós imeachta um réamhrialuithe, mar shampla, toisc gur féidir le breithiúna dliteanas araíonachta a thabhú as tarchur chun réamhrialú a dhéanamh nó as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm mar a léirmhíníonn an Chúirt Bhreithiúnais é, nó i gcás ina gcoisctear ar na cúirteanna náisiúnta tosaíocht dhlí an Aontais a aithint.

[23] Maidir le cúrsaí iomaíochta agus státchabhrach, cuireann an Coimisiún cúnamh agus idirghabháil ar fáil go rialta in imeachtaí cúirte náisiúnta.

méadú ar líon na réamhrialuithe le himeacht ama[24], agus idirghabhálacha an Choimisiúin sna cásanna sin, chuir siad go mór le forfheidhmiú níos láidre dhlí an Aontais sna Ballstáit. Thairis sin, tá cásanna um shárú seolta ag an gCoimisiún mar gheall ar sháruithe a dhéanann difear do phrionsabail an neamhspleáchais, na tosaíochta, na héifeachtachta agus chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, agus don urraim d'údarás na Cúirte Breithiúnais.

Cuireann an Coimisiún an straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach[25] chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil eolas ar dhlí an Aontais agus ar ionstraimí comhair bhreithiúnaigh an Aontais ag **gairmithe ceartais**, amhail breithiúna, ionchúisitheoirí, dlíodóirí agus gairmeacha eile a bhfuil baint acu le riaradh an cheartais, agus go bhfuil na scileanna cearta acu chun seasamh leis an smacht reachta agus chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart agus go comhleanúnach ina dtír féin.

### *Cur chun feidhme rialacha cánachais an Aontais a chur chun cinn trí idirghabháil i réamhrialuithe*

I réimse an chánachais, is bealach riachtanach iad réamhrialuithe don Choimisiún chun a chinntiú go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm i gceart.

Maidir le **cánachas díreach**, baineann réamhrialuithe le bacainní nithiúla trasteorann ar shaorghluaiseacht, arb iad na córais chánach náisiúnta is cúis leo. Mar shampla, chinn an Chúirt Bhreithiúnais i réamhrialú gur cheart an faoiseamh cánach céanna a bheith ag saoránaigh a thugann airgead do charthanas i mBallstát eile agus a bheadh acu nuair a bheadh airgead á thabhairt acu do charthanas inchomparáide ina mBallstát féin[26].

Maidir le **cánachas indíreach**, mar thoradh ar réamhrialuithe agus idirphlé idir an Coimisiún agus na Ballstáit ina dhiaidh sin, rinne Ballstáit a reachtaíocht a leasú. B'amhlaidh an cás i gcás Ballstát amháin maidir le húsáid feithiclí ag a bhfuil plátaí clárúcháin eachtracha[27], agus i gcás Ballstáit eile maidir le coinníollacha sriantacha ar rialacha CBL[28].

Tá ról tábhachtach le himirt ag **parlaimintí náisiúnta** freisin, is é sin obair a dhéanamh i gcomhar leis na rialtais náisiúnta ar dhlíthe a ghlacadh chun treoracha an Aontais a thrasuí agus rialacháin áirithe a chur chun feidhme tríd an dlí náisiúnta. Ghlac an Coimisiún seasamh dian maidir le neamh-thrasuí treoracha, agus baineann sé an leas is mó is féidir as Airteagal 260(3) CFAE a tugadh isteach le Conradh Liospóin: osclaíonn an Coimisiún cásanna go huathoibríoch agus iarrann sé go córasach ar an gCúirt smachtbhannaí airgeadais a fhorchur

[24] Tháinig méadú mór ar líon na réamhrialuithe le 10 mbliana anuas: bhí 567 tarchur chun réamhrialú in 2021, i gcomparáid le 385 in 2010.
[25] Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Ensuring justice in the EU — A European judicial training strategy for 2021-2024* [An ceartas a chinntiú san Aontas Eorpach – straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach don tréimhse 2021- 2024], COM(2020) 713 final.
[26] . Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-318/07, Persche.
[27] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-274/20, GN agus WX v Prefettura di Massa Carrara – Ufficio Territoriale del Governo di Massa Carrara.
[28] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-335/19, E. Sp. z o.o. Sp. k. v An tAire Finansów.

nuair a theipeann ar na Ballstáit treoracha a thrasuí in am. Bhí tionchar suntasach ag an gcur chuige sin agus tháinig laghdú níos mó ná a leath ar chásanna neamhchumarsáide a raibh ar an gCoimisiún iad a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm. Mar sin féin, líon na gcásanna maidir le sárú a seoladh toisc nár chuir na Ballstáit a mbearta trasuite in iúl don Choimisiún faoin sprioc-am a leagtar síos i dtreoracha an Aontais, tá an líon sin fós ard. Tá ról tábhachtach ag reachtóirí náisiúnta maidir lena chinntiú go mbíonn trasuí tráthúil agus iomlán: agus bearta trasuí á gcur in iúl don Choimisiún, ní mór do na Ballstáit a mhíniú ar bhealach soiléir trédhearcach conas a rinneadh gach foráil de threoir a thrasuí[29].

I measc na b**príomhchomhlachtaí eile** a bhfuil ról tábhachtach acu i bhforfheidhmiú dhlí an Aontais, tá comhlachtaí rialála, cigireachta agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le hearnáil ar leith, údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus réigiúnacha, ionchúisitheoirí, oifigí ombudsman náisiúnta agus comhlachtaí comhionannais. Díríonn an Coimisiún a ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar dheimhin a dhéanamh de go bhfuil na húdaráis náisiúnta ullmhaithe go leordhóthanach agus in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh trí shúil a chaitheamh ar choinbhleachtaí leasa, ar neamhspleáchas[30] agus ar fhoireann na n-údarás sin. Tacaíonn an Coimisiún go gníomhach freisin le hiarrachtaí cur chun feidhme na mBallstát trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil, chomh maith le saineolas a thacaíonn le hathchóirithe struchtúracha[31] agus sainchláir oiliúna[32]. Mar shampla, chuir an Coimisiún deontais ar fáil d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí chun tacú leo ina gcuid oibre chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a fhorfheidhmiú[33]. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún nósanna imeachta um shárú in aghaidh na mBallstát chun a chinntiú go bhfuil na húdaráis sin neamhspleách, agus go bhfuil na cumhachtaí is gá acu chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i leith sáruithe ar an rialachán sin.

Chabhraigh tionscnaimh shonracha de chuid an Aontais freisin, agus tá sásraí sásaimh trasteorann ann, cuir i gas SOLVIT, an nós imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga, nó an clár Réitigh Díospóide ar Líne Eorpach. San earnáil airgeadais, tá sé de chumhacht ag na trí údarás maoirseachta Eorpacha[34] athbhreithnithe a dhéanamh ar údaráis inniúla náisiúnta chun cóineasú na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh i gcur chun feidhme dhlí an Aontais a mheas. Tá siad inniúil freisin chun imscrúdú agus beart a dhéanamh i gcás nach gcomhlíonann

---

29 Ina breithiúnas uaithi i gcás C-543/17, an Coimisiún v an Bheilg, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a sholáthar don Choimisiún maidir leis na forálacha den dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir.

30 Is amhlaidh atá, mar shampla, maidir le neamhspleáchas na nÚdarás Rialála Náisiúnta san earnáil fuinnimh, neamhspleáchas ar bunphrionsabal é den tríú pacáiste fuinnimh, agus atá ríthábhachtach freisin chun cosaint éifeachtach tomhaltóirí a chinntiú, mar a dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais (cás C-718/18 an Coimisiún v an Ghearmáin).

31 Mar shampla, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus an uirlis TAIEX-EIR idir piaraí.

32 Mar shampla, d'fhorbair an Coimisiún pacáiste oiliúna maidir le dlí comhshaoil an Aontais (https://ec.europa.eu/environment/legal/law/training_package.htm).

33 Rialachán (AE) 2016/679 an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

34 An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC).

údaráis inniúla náisiúnta a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. Cuidíonn sé sin lena chinntiú go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach san earnáil airgeadais.

### *Ról na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí*[35] *maidir le dlí na dtomhaltóirí a fhorfheidhmiú*

Tá **Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí** ríthábhachtach chun sáruithe forleathana ar dhlí na dtomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus chun gníomhú ina n-aghaidh. Áiríodh leis sin gníomhaíocht chun a chinntiú go bhfuil córais áirithinte cóiríochta ar líne saor ó theicnící cúblála, cuir i gcás an t-urraíocht a chur i bhfolach sa rangú, brú ama míchuí a chur ar úsáideoirí, nó mífhaisnéis a thabhairt ar lacáistí.

In 2020, tar éis **idirphlé leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis náisiúnta**, rinne príomhardáin áirithinte cóiríochta athruithe ar an gcaoi a gcuireann siad tairiscintí, lascainí agus praghsanna in iúl do thomhaltóirí chun gur féidir le húsáideoirí comparáidí eolasacha a dhéanamh i gcomhréir le ceanglais dhlí tomhaltóirí an Aontais. Áiríodh leis sin gan tairiscint a chur i láthair mar thairiscint a bheadh teoranta ó thaobh ama de dá bhfanfadh an praghas céanna ar fáil ina dhiaidh sin, agus soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a rangaítear na torthaí. Mar gheall ar idirphlé den chineál céanna, thug margadh mór ar líne a chleachtais maidir le cealú i gcomhréir le rialacha tomhaltóirí an Aontais in 2022. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé i bhfad níos éasca do thomhaltóirí díliostáil ó sheirbhísí préimhe ná mar a bhíodh, agus nach gá dóibh ach dhá chlic a dhéanamh agus cnaipe 'cealaigh' atá feiceálach agus soiléir ann.

### *Oiliúint a chur ar FBManna maidir le dlí na dtomhaltóirí*

Clár oiliúna uile-Aontais maidir le dlí na dtomhaltóirí is ea an tionscadal 'Consumer Law Ready'[36] , agus tá sé dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Cuireann príomhoiliúnóir a cheaptar i ngach Ballstát oiliúint ar fáil d'idirghabhálaithe a chuireann oiliúint ar FBManna ina dhiaidh sin. Cuideoidh sé sin le sáruithe a íoslaghdú agus feasacht a mhéadú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn dlí tomhaltóirí an Aontais.

## IV. Forfheidhmiú cliste - SÁRUITHE AR DHLÍ AN AONTAIS A CHOSC ÓN TÚS

Chun sáruithe a thuar agus a sheachaint, cuirtear saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme agus forfheidhmiú san áireamh cheana féin agus tograí le haghaidh reachtaíocht de

[35] Nascann Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC NET) na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí an Aontais a fhorfheidhmiú (https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/resolve-your-consumer-complaint/european-consumer-centres-network-ecc-net_en). Cumhdaítear leis an gcomhar sa réimse seo rialacha tomhaltóirí i réimsí éagsúla amhail cleachtais tráchtála éagóracha, ríomhthráchtáil, geobhlocáil, saoire láneagraithe, díol ar líne, agus cearta paisinéirí.

[36] http://www.consumerlawready.eu/

chuid an Aontais á ndearadh ag an gCoimisiún. Straitéisí cur chun feidhme[37] a ullmhaíonn an Coimisiún i gcomhar leis na riaracháin náisiúnta, cuidíonn siad leis na príomhdhúshláin a bhíonn roimh na Ballstáit maidir le reachtaíocht an Aontais a thrasuí agus a chur i bhfeidhm a shainaithint agus leagtar amach leo na huirlisí a úsáideann an Coimisiún chun tacú leis an gcomhlíontacht.

### *Cuidiú leis na Ballstáit ullmhú don chur chun feidhme*

Is é is aidhm don **Rialachán maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte**[38] feabhas a chur ar an rochtain a bhíonn ag othar an Aontais ar theicneolaíochtaí nuálacha i réimse na sláinte, amhail i ndáil le cógais agus feistí leighis. D'fhoilsigh an Coimisiún plean rollach[39] chun tacú leis na húdaráis náisiúnta, le forbróirí teicneolaíochtaí sláinte agus le páirtithe leasmhara agus an reachtaíocht sin á cur i bhfeidhm nuair a thiocfaidh sí i bhfeidhm in 2025.

Ionas nach mbeadh léirmhínithe éagsúla ann ar dhlí nuaghlactha de chuid an Aontais agus chun comhthuiscint a chothú ar na rialacha atá ann cheana, cuireann an Coimisiún treoraíocht phraiticiúil[40] ar fáil do na Ballstáit, do ghnólachtaí agus páirtithe leasmhara agus don phobal maidir le gnéithe sonracha de dhlí an Aontais a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

Is féidir an treoraíocht sin a chur ar fáil, mar shampla, i bhfoirm treoirlínte maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais nó i bhfoirm 'Ceisteanna Coitianta' a fhoilsítear ar líne. Eisíodh iad i ngach mór-réimse beartais. Go háirithe, úsáideann an Coimisiún treoirlínte chun na Ballstáit a stiúradh trí phróiseas an trasuite maidir le treoracha agus cur i bhfeidhm rialachán, go hiondúil ag tosú go díreach i ndiaidh an ghníomh a ghlacadh, agus chun cásdlí na Cúirte Breithiúnais a chomhdhlúthú[41].

### *Treoraíocht an Choimisiún chun cuidiú le cur i bhfeidhm praiticiúil na reachtaíochta*

Tacaíonn treoraíocht an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 17 den **Treoir maidir le Cóipcheart**[42] le cur i bhfeidhm comhsheasmhach rialacha nua maidir le hardáin comhroinnte inneachair ar fud na mBallstát. Doiciméad praiticiúil atá sa treoraíocht, doiciméad ina dtugtar soiléiriú d'úsáideoirí agus do shealbhóirí cearta maidir le céard is féidir agus nach féidir a uaslódáil gan toiliú shealbhóir an chóipchirt agus maidir le cathain

[37] Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, 3.11.2021, https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation-why-and-how/better-regulation-guidelines-and-toolbox_en
[38] Rialachán (AE) 2021/2282 an 15 Nollaig 2021 maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte.
[39] https://health.ec.europa.eu/system/files/2022-05/hta_htar_rolling-plan_en.pdf
[40] Is í an Chúirt Bhreithiúnais amháin is féidir an léirmhíniú deiridh údarásach ar dhlí an Aontais a thabhairt.
[41] Mar shampla, tá roinnt treoirlínte ginearálta léirmhínitheacha eisithe ag an gCoimisiún maidir leis na Treoracha um chosaint an dúlra, https://ec.europa.eu/environment/nature/natura2000/management/guidance_en.htm
[42] Treoir (AE) 2019/790 an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach.

is féidir a iarraidh ar na hardáin inneachar arna uaslódáil ag a n-úsáideoirí a bhaint nó a athbhreithniú.

Tar éis ghlacadh **an Phacáiste Soghluaisteachta**[43], d'eisigh an Coimisiún doiciméid treoraíochta i bhfoirm 'Ceisteanna Coitianta' agus Nótaí Treoraíochta maidir le léirmhíniú roinnt sraitheanna de rialacha nua a bhaineann go háirithe le hamanna tiomána[44], le tiománaithe a phostú[45], le tacagraif chliste[46] agus leis an oibleagáid maidir le filleadh feithiclí ar an lárionad oibríochta[47], chun cúnamh a thabhairt do pháirtithe leasmhara na rialacha sin a chur i bhfeidhm i gceart agus do na Ballstáit iad a thrasuí agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach.

Baineann an Coimisiún feidhm as raon leathan ***uirlisí cruinniú-bhunaithe*** eile freisin, amhail coistí, líonraí, grúpaí saineolaithe agus ceardlanna, chun cur chun feidhme éifeachtach dhlí an Aontais ar fud réimsí beartais a chur chun cinn. Cuireann na grúpaí sin ar a gcumas do na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt agus fadhbanna a bhíonn ann agus reachtaíocht an Aontais á cur i bhfeidhm a phlé. Ansin is féidir leis an gCoimisiún deacrachtaí cur chun feidhme a shainaithint ag céim luath agus obair a dhéanamh ar réitigh fhéideartha, lena n-áirítear úsáid uirlisí TF chun tacú le cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Príomhfhóram maidir le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú is ea an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair, tascfhórsa a cuireadh ar bun tar éis chonclúidí na Comhairle Eorpaí maidir leis an mbeartas tionsclaíoch in 2020[48]. Is cuid lárnach dá chuid oibre é breathnú ar bhacainní ar fhorfheidhmiú rialacha an mhargaidh aonair agus réitigh phraiticiúla a cheapadh.

### *Bacainní sa mhargadh aonair a chosc sula dtagann siad chun cinn*

Leis an **Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair**[49], ceanglaítear ar na Ballstáit **fógra faoi dhréachtrialacháin theicniúla náisiúnta a thabhairt** don Choimisiún, sula nglacfar iad, chun cruthú bacainní ar an margadh aonair a sheachaint. Tá de thoradh ar an sásra fógartha sin dea-chleachtas a bhaineann le malartú faisnéise, idirphlé agus comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún agus idir na Ballstáit iad féin. Cuidíonn sé freisin le dea-

43 https://transport.ec.europa.eu/transport-modes/road/mobility-package-i_en
44 Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar.
45 Treoir (AE) 2020/1057 an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar.
46 Rialachán (AE) 165/2014 an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar.
47 Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair bóthair a chleachtadh.
48 https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/single-market-enforcement-taskforce_en
49 Treoir (AE) 2015/1535 an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (lena gcódaítear Treoir 98/34/CE).

chleachtas a roinnt chun fadhbanna coiteanna a réiteach maidir le rialacháin theicniúla, go háirithe in earnálacha nua-rialáilte amhail seirbhísí digiteacha agus teicneolaíochtaí nua. Ní hamháin gur éirigh leis an sásra rialacha nua a sháraíonn dlí an Aontais a sheachaint, ach chuidigh sé freisin le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm.

I réimse na seirbhísí, is é is aidhm don nós imeachta um fhógra a thabhairt faoin Treoir um Sheirbhísí[50] cruthú bacainní rialála gan údar ar an margadh aonair a sheachaint. Spreagann an Coimisiún go gníomhach trédhearcacht faoi bhearta na mBallstát maidir le seirbhísí agus déanann sé iarrachtaí leanúnacha cur le héifeachtúlacht an nós imeachta sin um fhógra a thabhairt.

Is uirlis eile a chuireann cosc ar bhacainní nua ar an margadh aonair do sheirbhísí gairmiúla é an **Treoir maidir le Tástáil Chomhréireachta**. Ní mór aon rialachán gairmiúil náisiúnta nua a chur faoi réir measúnú críochnúil agus is gá fianaise ar a chomhréireacht a bheith ann sula nglacfar é.

### *Oibriú leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar an bhforfheidhmiú*

Bunaíodh grúpa saineolaithe na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (WADEX)[51] d’fhonn cuidiú leis an gCoimisiún an **Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin**[52] a chur chun feidhme agus d’fhonn fóram a chur ar fáil chun dea-chleachtas agus taithí i réimse na hinrochtaineachta gréasáin a mhalartú idir na Ballstáit. In 2020-2022, reáchtáladh seimineáir ghréasáin mhíosúla, seimineáir a chabhraigh lena áirithiú go raibh cur chuige comhchoiteann ag na Ballstáit agus gur cuireadh na chéad tuarascálacha ag na Ballstáit maidir le suíomhanna gréasáin faireacháin agus aipeanna isteach ar bhealach tráthúil éifeachtach. De réir na dtuarascálacha sin, rinne na Ballstáit tástáil ar breis agus 10 000 suíomh gréasáin agus 300 aip le linn na tréimhse sin. Rannchuidigh an cleachtadh sin le feasacht ardaithe agus inrochtaineacht feabhsaithe ar inneachar de chuid na hearnála poiblí ar líne ar shuíomhanna gréasáin agus aipeanna.

### *Uirlisí TF a úsáid chun comhlíontacht agus forfheidhmiú a éascú*

Is uirlis TF ar líne é **Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh** (IMI)[53], uirlis a éascaíonn comhar riaracháin ar reachtaíocht an mhargaidh aonair le haghaidh riaracháin phoiblí na mBallstát. Féadfaidh sé sin cuidiú leis an bpobal agus le gnólachtaí a oibríonn thar theorainneacha. Tá sé neamhdhíobhálach don chomhshaol, slán agus ilteangach, laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin agus tacaíonn sé le 19 réimse beartais.

Féadfar é a oiriúnú chun tacú le cuspóirí sonracha. Mar shampla, in 2022, seoladh trí mhodúl nua de chuid an Choimisiún chun forfheidhmiú trasteorann na rialacha nua a tugadh isteach leis an bPacáiste Soghluaisteachta a éascú, go háirithe maidir le tiománaithe a phostú, filleadh tiománaí agus filleadh feithicle. Ina theannta sin, cruthaíodh an comhéadan poiblí nua atá ceangailte le IMI chun go mbeidh sé níos éasca d’oibreoirí

50 Treoir 2006/123/CE an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach.
51 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/web-accessibility-expert-group
52 Treoir (AE) 2016/2102 an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí.
53 https://ec.europa.eu/internal_market/imi-net/index_en.htm

iompair de bhóthar **dearbhuithe maidir le postú a chur faoi bhráid** údaráis inniúla na mBallstát ina bpostálann siad a gcuid tiománaithe. Is féidir le hoibreoirí iompair de bhóthar ar fud na hEorpa a ndearbhuithe maidir le postú a chur isteach go hiomlán ar líne anois, ar bhealach an-simplí a shábhálann am agus airgead. Ó seoladh é, tá níos mó ná 10 milliún dearbhú maidir le postú curtha isteach.

Lasmuigh de choistí agus grúpaí saineolaithe, eagraíonn an Coimisiún **cruinnithe déthaobhacha leis na Ballstát chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhlíontacht ar fud réimse beartais sonracha** freisin. Cuireann na cruinnithe comhlíontachta sin ar a gcumas don Choimisiún agus don Bhallstát ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar gach nós imeachta um shárú agus EU Pilot atá ar oscailt sa réimse áirithe sin. Tá sé cruthaithe go bhfuil siad úsáideach chun saincheisteanna leathana a shainaithint agus a réiteach, chun am a shábháil trí aghaidh a thabhairt ar roinnt cásanna in aon chruinniú amháin agus chun tuiscint fhrithpháirteach a fhorbairt idir na húdaráis náisiúnta agus ranna an Choimisiúin.

***Beartais agus tacaíocht an Aontais a nascadh le chéile***

Tá sé cruthaithe freisin gur uirlis éifeachtach í tacaíocht airgeadais ón Aontas chun na Ballstáit a spreagadh athchóirithe a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, chun dlús a chur le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos i ndlí an Aontais. Áirítear ar an tacaíocht sin cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa amhail an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe nó cistí an Bheartais Comhtháthaithe, cistiú trí na cláir Chustaim agus Fiscalis agus deontais agus iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[54] (RRF).

Tá sé d'aidhm ag RRF tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim an choróinvíris a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe an Aontais a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe maidir le dúshláin agus deiseanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Is ionstraim téarnaimh shealadach í an tSaoráid. Cuireann sí ar a chumas don Choimisiún cistí a thiomsú chun cuidiú leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, athchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear ina bpleananna náisiúnta féin, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, agus lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a shainaithnítear i moltaí tírshonracha faoi chreat an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch agus shóisialta. Cé nach uirlis forfheidhmiúcháin é RRF, is gá na tosaíochtaí sin, agus iad aistrithe ina ngarspriocanna agus ina spriocanna, a chomhlíonadh má tá na Ballstáit chun eisíocaíochtaí a fháil.

### *Cuidiú RRF leis an Aontas sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach*

Chun dlús a chur leis an aistriú glas, go háirithe i bhfianaise chuspóirí 'Oiriúnach do 55', tá roinnt Ballstát ag díriú ar na hearnálacha iompair agus foirgníochta ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta. I measc nithe eile, úsáidfear an tSaoráid chun tacú

---

54 https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/recovery-coronavirus/recovery-and-resilience-facility_en Arna bunú ag Rialachán (AE) 2021/241 an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

le hinfheistíochtaí in athchóiriú teirmeach foirgneamh poiblí, chun an fhlít feithiclí a ghlasú agus chun tacú leis an aistriú módach chuig iompar d'iarnród. Mar shampla, i mBallstát amháin, maoineoidh an plean deontas a leithdháiltear ar úinéirí tí chun cuidiú le híoc as athsholáthar córas téimh, aeráil nó iniúchtaí fuinnimh le haghaidh tithe aon teaghlaigh nó árasán i dtithíocht chomhchoiteann. Maoineoidh na hinfheistíochtaí sin athchóiriú teirmeach 400 000 áit chónaithe sa Bhallstáit sin freisin.

Úsáid **coinníollacha maidir le cómhaoiniú** a cheanglaítear le heisíoc cistí réigiúnacha, mar shampla, chun bonneagar a fhorbairt faoi bheartas comhtháthaithe an Aontais, tá sé cruthaithe freisin gur dreasacht láidir do na Ballstáit chun dlús a chur lena gcomhlíontacht le dlí gaolmhar an Aontais, agus chun feabhas a chur uirthi, é an úsáid sin.

### *Coinníollacha maidir le maoiniú a úsáid chun an chomhlíontacht a spreagadh san earnáil uisce agus dramhaíola*

Teastaíonn méid ard infheistíochta chun comhlíonadh iomlán reachtaíocht an Aontais in earnálacha amhail an earnáil uisce nó bainistíochta dramhaíola a bhaint amach: is é EUR 255 bhilliún ar fud na 27 mBallstát[55] an caiteachas carnach iomlán is gá chun an chomhlíontacht a bhaint amach faoi 2030 maidir le soláthar uisce agus sláintíocht. Ar an gcaoi chéanna, meastar go mbeidh idir EUR 13 bhilliún agus EUR 28 mbilliún in aghaidh na bliana go dtí 2030[56] de dhíth in infheistíocht bhreise chun spriocanna a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach agus bainistíocht dramhaíola a bhaint amach. Is gá sin chun an córas dramhaíola a uasghrádú trí fheabhas a chur ar bhailiú, sórtáil, cóireáil bithdhramhaíola agus athphróiseáil agus trí chlárlanna a dhigitiú.

Braitheann Ballstáit áirithe ar chistí chomhtháthaithe an Aontais, mar shampla, chun na hinfheistíochtaí is gá a mhaoiniú. Braitheann rochtain ar chómhaoiniú an Aontais ar cheanglais shonracha[57], áfach. Ní fhaigheann na Ballstáit an cómhaoiniú ach má chomhlíonann siad roinnt coinníollacha a leagtar amach i ndlí an Aontais (amhail pleananna bainistíochta dramhaíola a ullmhú nó pleanáil i leith infheistíochtaí is gá a dhéanamh san earnáil uisce). Áirithítear leis sin go n-úsáidfear cómhaoiniú an Aontais go héifeachtúil agus fágfaidh sé go mbeifear in ann bonneagar tábhachtach comhshaoil a chur i bhfeidhm agus na caighdeáin a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais maidir le dramhaíl agus uisce a chomhlíonadh.

Tá urraim don smacht reachta ríthábhachtach do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus d'úsáid éifeachtach chistiú an Aontais. Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, tá an

[55] ECFE, *Financing Water Supply, Sanitation and Flood Protection: Challenges in the EU Member States and Policy Options* [Soláthar Uisce, Sláintíocht agus Cosaint ar Thuilte a Mhaoiniú: Na Dúshláin i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus na Roghanna Beartais], Staidéir ECFE ar Uisce, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/6893cdac-en.

[56] Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil 2022 – Cúrsaí a athrú trí chomhlíonadh comhshaoil', COM(2022) 438 final.

[57] Ar a dtugtar coinníollachtaí *ex ante* (le haghaidh tréimhse chlársceidealaithe 2014-2020) nó coinníollacha cumasúcháin (le haghaidh tréimhse chlársceidealaithe 2021-2027).

Rialachán Coinníollachta[58] i bhfeidhm, rialachán lena dtugtar cosaint do bhuiséad an Aontais ar dhifear a bheith déanta dó ag sáruithe ar an smacht reachta sna Ballstáit. An 2 Márta 2022 d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an chórais ghinearálta coinníollachta. An 18 Meán Fómhair 2022 glacadh an chéad togra la haghaidh Cinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle[59].

Anuas ar an tacaíocht airgeadais, soláthraíonn an Coimisiún saineolas teicniúil saincheaptha do na Ballstáit chun athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil freisin. Tacaíonn an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil leis na húdaráis náisiúnta maidir lena gcumas athchóirithe feabhsaithe athléimneachta a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme i roinnt réimsí (comhar riaracháin, smacht reachta, athchóiriú na gcóras ceartais, neartú na maoirseachta airgeadais agus athneartú an chomhraic i gcoinne na calaoise, na héillithe agus an sciúrtha airgid).

### *An dea-riarachán poiblí a chur chun cinn trí PACE (Malartú Comhair idir Riaracháin Phoiblí)*

Is iad riaracháin phoiblí an comhéadan díreach idir an tAontas agus na saoránaigh, toisc gurb iad a aistríonn dlí agus cláir an Aontais ina ngníomhaíochtaí nithiúla. Is gné chinnitheach í cáilíocht riarachán poiblí maidir le hiomaíochas na mBallstáit, agus dá bhrí sin, le hiomaíochas an Aontais trí chéile[60]. Faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tá an Coimisiún ag baint triail as tionscnamh le haghaidh Malartú Comhair idir Riaracháin Phoiblí (PACE) trínar féidir le hoifigigh dul ar iasacht do Ballstát eile go sealadach. Cuireann an clár sin ar a gcumas do na rannpháirtithe eolas agus scileanna a fháil, naisc a chruthú agus, ar deireadh, rannchuidiú le fíorspás riaracháin Eorpach a chruthú.

## V. SÁRUITHE AR DHLÍ AN AONTAIS A BHRATH GO LUATH AGUS A RÉITEACH

***Trédhearcacht níos fearr agus sásraí faireacháin chun saincheisteanna a shainaithint***

Tá sé cruthaithe go bhfuil trédhearcacht níos fearr, foilsiú faisnéise comhlíontachta agus sásraí faireacháin tráthrialta éifeachtach freisin chun na Ballstáit a spreagadh i dtreo comhlíontacht níos tapa nó, ar scor ar bith, chun réimsí ar gá níos mó airde a thabhairt orthu a shainaithint.

Nuair a fhoilsítear tuarascálacha ar na saincheisteanna sin, cuireann siad ar a gcumas don phobal feidhmíocht agus leibhéal comhlíontachta a mBallstáit i réimsí beartais sonracha a

[58] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.

[59] Togra le haghaidh Cinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir, COM(2022) 485 final.

[60] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Supporting public administrations in EU Member States to deliver reforms and prepare for the future* [Tacú le riaracháin phoiblí sna Ballstáit chun athchóirithe a chur i gcrích agus ullmhú don todhchaí], SWD(2021) 101.

leanúint, cuireann siad leis an bhfeasacht atá ag gnólachtaí, agus spreagann siad díospóireacht phoiblí. Cuidíonn scórchláir agus measúnuithe comhchosúla eile leis an obair sin a dhíriú, le huirlisí amhail Scórchlár an Mhargaidh Aonair[61], tuarascálacha tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh[62], an tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil[63] agus an léarscáil idirghníomhach sáruithe comhshaoil a ghabhann leis[64], nó foilsiú fhreagairtí an Choimisiúin ar fhógraí na mBallstát faoin Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair. Uirlisí eile, amhail an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta nó Scórchlár Ceartais AE[65], soláthraíonn siad léargas tírshonrach maidir le forbairtí sna Ballstáit, agus is tábhachtach an ról acu i bhforfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais. Tá córas ceartais náisiúnta a fheidhmíonn go maith fíor-riachtanach chun cosaint dlí éifeachtach a thabhairt do na cearta atá ag saoránaigh agus gnólachtaí faoi dhlí an Aontais. I roinnt réimsí beartais sonracha, foilsíonn an Coimisiún faisnéis maidir le staid trasuite treoracha ag na Ballstáit[66].

Is minic a thuairiscíonn an Coimisiún ar chur chun feidhme ionstraimí nó réimsí sonracha de dhlí an Aontais chomh maith. Ní hamháin go bhfuil sé d'aidhm ag na tuarascálacha sin an pobal a chur ar an eolas maidir leis na réimsí ina bhfuil a gcearta i mbaol, ach tá sé d'aidhm acu freisin treochtaí ginearálta agus saincheisteanna a shainaithint, d'fhonn cuidiú le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin in aghaidh na mBallstát agus athbhreithniú féideartha ar an dlí a spreagadh.

### *Meastóireacht Schengen*

Braitheann limistéar Schengen a fheidhmíonn go maith[67] ar chur chun feidhme ceart éifeachtach *acquis* Schengen agus ar an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Le Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen[68] déantar foráil maidir le meastóireachtaí oibiachtúla neamhchlaonta, d'fhonn easnaimh i gcur i bhfeidhm rialacha Schengen a shainaithint go tapa agus a áirithiú go réiteofar iad go pras. Déanann an Coimisiún agus na Ballstáit cuairteanna meastóireachta, agus leanann moltaí ón gComhairle do na Ballstáit

61 https://single-market-scoreboard.ec.europa.eu/
62 https://ec.europa.eu/info/publications/2022-european-semester-country-reports_en
63 https://environment.ec.europa.eu/law-and-governance/environmental-implementation-review_en
64 https://environment.ec.europa.eu/law-and-governance/environmental-implementation-review_en#environmental-infringements-map-and-dashboard
65 https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_en
66 https://finance.ec.europa.eu/regulation-and-supervision/enforcement-and-infringements-banking-and-finance-law/monitoring-banking-and-finance-directives_en
67 Is limistéar gan teorainneacha inmheánacha é Limistéar Schengen, limistéar inar féidir le saoránaigh agus le roinnt náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas gluaiseacht gan srian gan a bheith faoi réir seiceálacha teorann. Ó bhí 1985 ann, d'fhás sé de réir a chéile agus anois tá beagnach gach Ballstát agus roinnt tíortha comhlachaithe nach Ballstáit den Aontas iad ann.
68 https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/schengen-borders-and-visa/schengen-area/schengen-evaluation-and-monitoring_en

maidir le gníomhaíocht cheartaitheach iad. Tugadh an sásra cothrom le dáta agus cuireadh feabhas air[69], agus áirithíonn nós imeachta níos cuíchóirithe go dtugtar aghaidh go pras ar easnaimh thromchúiseacha go háirithe.

### *Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta*

Tá an tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta[70] ag croílár Shásra an Smachta Reachta[71]. I mí Iúil 2022, chuir an Coimisiún i láthair a thríú Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta, mar aon lena 27 gcaibidil thírshonracha. Tháinig an Tuarascáil as idirphlé dlúth leis na húdaráis náisiúnta agus leis na páirtithe leasmhara, agus cumhdaíonn sí na Ballstáit uile ar bhonn oibiachtúil neamhchlaonta, ag féachaint ar cheithre phríomhcholún an smachta reachta: córais cheartais, an creat frithéillithe, iolrachas agus saoirse na meán, agus saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin. Ó bhí 2022 ann, bíonn moltaí sonracha a dhírítear ar gach Ballstáit sa Tuarascáil. Ós cur chuige coisctheach atá ag an tuarascáil, tá sé de chuspóir ag na moltaí cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát athchóirithe atá ar siúl nó atá beartaithe a chur chun cinn agus cabhrú leo cásanna a shainaithint ina bhfuil gá le feabhsuithe, le hobair leantach ar athruithe a cuireadh i gcrích le déanaí nó le hathchóirithe[72].

### ***Iniúchtaí a dhéanamh chun an chomhlíontacht a fhíorú***

I réimse áirithe de dhlí an Aontais, déanann an Coimisiún iniúchtaí chun a fhíorú an gcomhlíonann na Ballstáit rialacha an Aontais sa chleachtas agus chun rialaithe náisiúnta a mheasúnú.

Is uirlis fhíor-riachtanach chun buiséad an Aontais a chosaint iad iniúchtaí. Cuidíonn siad le híocaíochtaí neamhrialta a bhrath agus le méideanna arna gcaitheadh ag na Ballstáit a aisghabháil as gan rialacha agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais a chomhlíonadh. Is minic a bhíonn moltaí a eascraíonn as iniúchtaí agus pleananna gníomhaíochta arna dtionscnamh ag na Ballstáit arna iarraidh sin don Choimisiún ina gcúis dhíreach le cur chun feidhme feabhsaithe rialacha ag údaráis na mBallstát.

### *Caighdeáin an Aontais a chosaint maidir le sábháilteacht bia agus beatha*

Bíonn daoine san Aontas ag súil le hardchaighdeáin maidir le sábháilteacht bia agus beatha agus maidir le sláinte ainmhithe agus plandaí. Tá na caighdeáin sin faoi chosaint ag rialaithe, lena n-áirítear iniúchtaí, sna Ballstáit agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad

[69] Rialachán (AE) 2022/922 an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

[70] https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/rule-law/rule-law-mechanism/2022-rule-law-report_en

[71] https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/rule-law/rule-law-mechanism_en

[72] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach', COM(2022) 500 final.

a onnmhairíonn plandaí, ainmhithe agus bia chuig an Aontas. In 2019-2020, rinne an Coimisiún 170 iniúchadh agus seiceáil den chineál céanna ar chórais rialaithe oifigiúla na mBallstát, agus astu tháinig 527 moladh do na Ballstáit. I bhformhór mór na gcásanna, rinne na Ballstáit gníomhaíocht cheartaitheach, nó thug siad gealltanais shásúla go dtabharfaidís aghaidh ar na heasnaimh. In 2020, cuireadh tuairim agus 17 milliún oibreoir sa slabhra agraibhia faoi réir rialuithe oifigiúla ag údaráis náisiúnta. Rinne siad breis agus ceithre mhilliún rialú ar na hoibreoirí sin. Chuidigh sé sin leis na húdaráis náisiúnta ardchaighdeáin an Aontais maidir le sábháilteacht bia agus beatha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

### *Pleananna gníomhaíochta a dhréachtú chun feabhas a chur ar chomhlíonadh rialacha comhchoiteanna le haghaidh iascaigh*

Déanann an Coimisiún iniúchadh ar na Ballstáit chun an chaoi a gcuireann siad rialuithe iascaigh chun feidhme a fhíorú. Má shainaithníonn sé easnaimh chórasacha sa rialú, dréachtaíonn sé pleananna gníomhaíochta in éineacht leis na Ballstáit chun a gcórais rialaithe a neartú. Cuidíonn na pleananna gníomhaíochta sin leis an gCoimisiún bearta leantacha a dhéanamh i leith cur chun feidhme agus dul chun cinn i gcóras rialaithe iascaigh na mBallstát, ar córas iad atá fíor-riachtanach chun iascaigh inbhuanaithe agus stoic éisc fholláine a áirithiú. Is é an toradh a bhí air sin tuairisciú gabhála níos iontaofa agus córais fheabhsaithe chun sáruithe ar an gcomhbheartas iascaigh a bhrath.

### *Tráthrialtacht íocaíochtaí sa réimse talmhaíochta a áirithiú*

Déanann an Coimisiún iniúchtaí tráthrialta sna Ballstáit chun a fhíorú go n-urramaíonn na Ballstáit reachtaíocht an Aontais lena rialaítear an tacaíocht a sholáthraítear tríd an gComhbheartas Talmhaíochta d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile. I gcás neamhchomhlíontachtaí nó easnaimh sa chóras rialaithe, is féidir leis an gCoimisiún maoiniú ón Aontas a chur ar fionraí nó a aisghabháil ó na Ballstáit. Tá sé cruthaithe gur sásraí éifeachtacha iad na ceartúcháin airgeadais sin chun na hearráidí a rinneadh a cheartú agus chun buiséad an Aontais a chosaint. Ina theannta sin, d'fhonn córais rialaithe na mBallstáit a neartú, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit plean gníomhaíochta a chur chun feidhme.

***Próiseas réamhsháraithe (EU Pilot)***

I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún, d'ainneoin a chuid iarrachtaí coisctheacha agus a chuid tacaíochta do na Ballstáit, sárú féideartha ar dhlí an Aontais, féadfaidh sé a chinneadh próiseas réamhsháraithe a úsáid, próiseas ar a dtugtar EU Pilot[73]. Úsáidtear an uirlis sin nuair a bhíonn breisluach ag baint léi: in 2021, as na 302 chás maidir le sárú a thionscain an

[73] Is uirlis comhair agus idirphlé idir an Coimisiún agus na Ballstáit é EU Pilot, uirlis a úsáidtear i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh (féideartha) dhlí an Aontais. Is i dtreoirlínte inmheánacha sonracha a ndearnadh athbhreithniú orthu in Iúil 2020 a leagtar amach an úsáid a bhaineann an Coimisiún as EU Pilot.

Coimisiún i ndiaidh imscrúduithe féintionscnaimh nó i ndiaidh gearán[74], tugadh faoi phróiseas EU Pilot roimh 33 cinn acu. Is uirlis í seo is féidir a úsáid i gcás inar dócha go mbeidh de thoradh uirthi comhlíontacht níos tapa ná mar a bheadh ann de thoradh nós imeachta foirmiúil um shárú. Cuireann sí ar a chumas don Choimisiún roinnt cásanna a réiteach ag céim EU Pilot freisin gan aon ghá tabhairt faoi nós imeachta um shárú. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás gur de chineál teicniúil iad na saincheisteanna atá i gceist, mar shampla. Faisnéis fhíorasach nó dhlíthiúil a bhfuil gá léi chun a mheasúnú a dhéanamh, féadfaidh an uirlis a bheith úsáideach freisin i gcásanna ina mian leis an gCoimisiún an fhaisnéis sin a bhailiú[75]. Ní úsáidtear í i gcás ina bhfuil an sárú soiléir nó féinaitheanta nó i gcás ina bhfuil fianaise maith ann ina leith, ná ní úsáidtear í le haghaidh saincheisteanna íogaire inar lú an seans go mbeidh toradh rathúil ar phlé ar an leibhéal teicniúil. De bhreis air sin, tá ar an gCoimisiún cosaint a thabhairt ar an mbaol go mbeidh an próiseas sin ina chúis le moill neamhriachtanach: má éiríonn an nós imeachta rófhada gan dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh, nó má bhíonn easpa comhair ann ón mBallstát, foirceannann an Coimisiún an próiseas EU Pilot agus athraíonn sé go nós imeachta um shárú.

Le himeacht ama, tá a luach cruthaithe ag an bpróiseas EU Pilot. Bhain sé úsáid as cur chuige ina mbaintear leas as an oscailteacht agus an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun an chomhlíontacht a bhaint amach níos tapa. In 2021, réitíodh breis agus 80 % de phróiseas EU Pilot go sásúil. I gcás nach n-éiríonn leis, téitear ar iontaoibh imeachtaí um shárú.

### *EU Pilot chun a áirithiú gur féidir le daoine a gcuntas IBAN a úsáid in aon Bhallstát*


Is é is aidhm don Rialachán maidir leis an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)[76] a áirithiú gur féidir aon chuntas bainc de chuid an Aontais a úsáid le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach ar bhonn trasteorann chomh héasca céanna agus is féidir ar bhonn intíre. Mar sin féin, i roinnt Ballstáit níor ghlac faighteoirí tábhachtacha íocaíochtaí amhail cuideachtaí teileachumarsáide nó údaráis chánachais nó slándála sóisialta leis an gcód IBAN, rud a d'fhág nach rabhthas in ann cuntas ó thíortha eile san Aontas a úsáid chun dochair dhíreacha a chur ar bun nó chun cistí a aistriú, amhail aisíocaíochtaí cánach nó pinsin. Idir 2016 agus 2021, chuir an Coimisiún tús le próisis EU Pilot le cúig Bhallstát. Mar thoradh air sin, rinneadh a gcreat dlíthiúil a leasú nó tá sé á leasú chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe agus chun smachtbhannaí iomchuí a áirithiú. I dtrí chás, chuir an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú chun a áirithiú go bhfuil a ndóthain cumhachta ag na húdaráis inniúla náisiúnta chun faireacháin a dhéanamh ar an gcomhlíontacht agus chun smachtbhannaí a fhorchur. Bhí athruithe reachtacha chun na

[74] Ní áirítear leis sin cásanna maidir le sárú arna dtionscnamh go huathoibríoch i gcás neamh-trasuí Treorach arna fhéinaithint ag Ballstát.
[75] Tionscnaítear formhór mór na nósanna imeachta um shárú gan próiseas EU Pilot rompu.
[76] Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus gnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro.

cumhachtaí is gá a thabhairt do na húdaráis mar thoradh air sin freisin.

### *EU Pilot chun feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar chúram sláinte*[77]

Tá sé de cheart ag othair cúram sláinte a rochtain in aon Bhallstát agus aisíocaíocht a fháil óna dtír bhaile i leith cúram a fhaightear ar an gcoigríoch. Toisc nár thrasuigh roinnt Ballstát rialacha an Aontais maidir le cearta othar i leith cúram sláinte trasteorann i gceart ina reachtaíocht náisiúnta, thionscain an Coimisiún próisis EU Pilot chun feabhas a chur go tapa ar an rochtain ar chúram sláinte sábháilte ardcháilíochta trasteorann sna tíortha sin. Cé go bhfuil nósanna imeachta um shárú curtha ar bun in aghaidh trí Bhallstát, bhí toradh rathúil ann i gcás naoi mBallstát de bharr próisis EU Pilot. I bhformhór na gcásanna sin, leasaigh na Ballstáit reachtaíocht nó cleachtas riaracháin chun iad a ailíniú le rialacha an Aontais. Mar thoradh air sin, tairbhíonn othair de cheanglais nach bhfuil chomh dian céanna maidir le réamhúdarú, de nósanna imeachta riaracháin níos éadroime agus d'fhaisnéis níos trédhearcaí maidir le cúram sláinte trasteorann, agus an éifeacht foriomlán ann gur éasca atá sé d'othair anois seirbhísí cúraim sláinte a rochtain i mBallstáit eile.




## VI. ÚSÁID ÉIFEACHTACH A BHAINT AS NÓSANNA IMEACHTA UM SHÁRÚ

Tá forbairt tagtha ar bheartas forfheidhmiúcháin an Choimisiúin le himeacht ama. Ó bhí 2017 ann, tá an Coimisiún ag díriú níos mó agus níos mó ar shaincheisteanna inar féidir lena idirghabhálacha breisluach a uasmhéadú agus difear a dhéanamh i saol agus i ngníomhaíochtaí an oiread daoine agus gnólachtaí agus is féidir. Dá bhrí sin, leanann an Coimisiún den chur chuige straitéiseach, de na cuspóirí agus de na tosaíochtaí a shaothrú a leag sé síos i dTeachtaireacht 2016 dar teideal *EU law: Better results through better application* [Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr trí chur i bhfeidhm níos fearr].

Is é príomhchuspóir an nós imeachta um shárú a chinntiú go dtugann na Ballstáit éifeacht do dhlí an Aontais ar mhaithe leis an leas ginearálta, gan sásamh aonair a sholáthar. Dá bhrí sin,

[77] Ciallaíonn 'cúram sláinte trasteorann' cúram sláinte a chuirtear ar fáil nó a ordaítear i mBallstát seachas an Ballstát cleamhnachta.

ciallaíonn cur chuige straitéiseach an Choimisiúin gur annamh a dhíríonn nósanna imeachta um shárú ar ábhair aonair, ach ar shaincheisteanna sistéamacha agus struchtúracha a dhéanann difear do líon mór daoine nó gnólachtaí i mBallstát ar leith nó ar fud an Aontais.

### *Aghaidh a thabhairt ar roinnt cásanna aonair de chur i bhfeidhm fabhtach in aon nós imeachta um shárú amháin*

I réimse an chomhshaoil, d'osclaíodh an Coimisiún cásanna aonair le haghaidh líonadh talún neamhchomhlíontach aonair, nó ceirtleán amháin a bhí neamhchomhlíontach maidir le reachtaíocht fuíolluisce uirbigh. Díríonn sé anois ar chásanna sistéamacha, ag dul i ngleic uaireanta leis na céadta ceirtleán in aon chás cóireála fuíolluisce uirbigh amháin nó leis an iliomad líonadh talún i gcásanna dramhaíola. Tá siad sin i bhfad níos éifeachtúla maidir le gach réigiún i mBallstát a thabhairt i dtreo an chomhlíonta trí bhíthin nós imeachta aonair um shárú.

### *Saincheisteanna a bhaineann leis an bprionsabal ginearálta a tarraingíodh anuas le gearán a fhiosrú*

Tá an ceart chun saoirse comhlachais, ceart a chumhdaítear sa Chairt, ar cheann de bhunchlocha na sochaí daonlathaí iolraíche. I ndáil leis sin, i nós imeachta um shárú a thionscain an Coimisiún agus a bhí bunaithe ar ghearán, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais gur chuir reachtaíocht náisiúnta Ballstáit amháin bac ar shaorghluaiseacht chaipitil agus ar chearta bunúsacha chun sonraí pearsanta a chosaint agus chun saoirse comhlachais.

Cásanna aonair ina bhféadfadh cur i bhfeidhm éagórach dhlí an Aontais a bheith i gceist, cásanna nach dtarraingíonn anuas saincheisteanna ginearálta prionsabail (amhail trasuí mícheart treorach nó bac a chur ar an nós imeachta le haghaidh réamhrialuithe), agus a mbaineann easpa fianaise ar chleachtas ginearálta nó ar easnaimh shistéamacha leo, is éifeachtaí a dhéileálann comhlachtaí sásaimh atá níos gaire dóibh siúd a ndéanann an sárú difear dóibh leo. Is féidir leo sin réitigh thapa agus dhíreacha a chur ar fáil. Anuas ar an deacracht a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar chásanna den sórt sin ar an láthair agus fad an nós imeachta um shárú ar leibhéal an Aontais, dírítear breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais ar Bhallstát agus ní féidir leis ach aghaidh a thabhairt go hindíreach ar fhadhb an duine aonair. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais ordú a thabhairt don Bhallstát damáistí a íoc le duine aonair a ndearna sárú ar dhlí an Aontais dochar dó. Chun cúiteamh a lorg nó chun beart náisiúnta a neamhniú, ní mór do ghearánaigh a gcás a thabhairt os comhair cúirt náisiúnta fós.


Faigheann an Coimisiún tuairim agus 4 000 gearán gach bliain[78]. Faigheann sé a lán achainíocha freisin maidir le dlí an Aontais, arna gcur ar aghaidh ag Coiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Fiú mura ndéanann an Coimisiún imscrúdú ar gach cur i bhfeidhm

[78] Fuarthas an chuid is mó tríd an bhfoirm ghearáin ar líne atá ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/assets/sg/report-a-breach/complaints_en/. Áirítear le tagairt do 'gearáin' 'ilgearáin', mar a thugtar orthu, faoina láimhseálann an Coimisiún líon an-mhór gearán comhionann faoi aon chomhad gearáin amháin.

fabhtach féideartha ar dhlí an Aontais, tá meas mór aige fós ar ghearáin, ceisteanna scríofa agus achainíocha mar fhoinse faisnéise i gcásanna níos leithne a bhaineann le sáruithe sistéamacha nó struchtúracha ar dhlí an Aontais sna Ballstáit.

Ceanglaítear leis an gcur chuige straitéiseach sin go gcuirfidh rialacha náisiúnta nósanna imeachta éifeachtacha sásaimh ar fáil i gcás sárú ar dhlí an Aontais, trí chóras breithiúnach neamhspleách agus éifeachtúil. Is é sin an fáth a dtugann an Coimisiún tosaíocht ar leith do sháruithe a dhéanann difear do chumas na gcóras breithiúnach náisiúnta rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí an Aontais. Ag an am céanna, díríonn an Coimisiún a iarrachtaí forfheidhmiúcháin ar a chinntiú go bhfuil ar chumas na n-údarás náisiúnta agus na gcomhlachtaí rialála sásamh éifeachtach a chur ar fáil, ó thaobh cumhachtaí agus acmhainní de, agus go ndéanann bearta náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme foráil maidir le pionóis iomchuí i gcás sáruithe ar dhlí an Aontais.

Is é cuspóir an Choimisiúin a chinntiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit dlí an Aontais a luaithe is féidir. Is díol sásaimh dó go réitítear formhór na sáruithe ag céim luath den nós imeachta[79] – réitítear os cionn 90 % de chásanna maidir le sárú sula gcuirtear faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais iad. Trí shaincheisteanna a réiteach gan an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, cinntítear comhlíonadh níos luaithe agus sábháiltear am agus airgead. Ceanglaítear ar na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh rialú na Cúirte a chomhlíonadh a luaithe is féidir. Mar sin féin, más rud é, d'ainneoin rialú na Cúirte, nach gceartóidh an Ballstát an sárú fós, féadfaidh an Coimisiún an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus féadfaidh sé a iarraidh go bhforchuirfí pionóis airgeadais ar an mBallstát[80].




## *Imeacht éifeachtach um shárú*

[79] In 2021, dúnadh 69 % de chásanna maidir le sárú tar éis litir thosaigh an fhógra fhoirmiúil.
[80] Bunaithe ar Airteagal 260(2) CFAE.

Dlí an Aontais maidir le **truailliú aeir**, is réimse é ina bhféadfadh costas ard eacnamaíoch a bheith ag baint leis an gcomhlíonadh a chinntiú, ach ina bhfuil an toradh báis agus breoiteacht thromchúiseach ann mura gcloítear le dlí an Aontais. Mar thoradh air sin, tá líon ard nósanna imeachta um shárú ann sa réimse sin. Faoi mhí Iúil 2022, thionscain an Coimisiún 28 gcás maidir le sárú a bhain le teip 18 mBallstát an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[81] a chur i bhfeidhm. Rinneadh 15 chás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, agus tugadh rialú mar thoradh ar 10 gcinn díobh sin. Tá an dara tarchur chuig an gCúirt i gceist le ceann amháin de na cásanna sin, agus mar sin de d'fhéadfadh fíneálacha a bheith mar thoradh air sin. Bhí na hiarrachtaí forfheidhmiúcháin sin ríthábhachtach chun líon na gcriosanna cáilíochta aeir a sháraigh na teorainneacha dlíthiúla le haghaidh ábhair cháithníneacha a laghdú ó 91 in 2019 go 55 in 2021[82], agus líon na gcriosanna ina bhfuil breis dé-ocsaíde nítrigine a laghdú ó 68 go 23 in 2021. Ciallaíonn sé sin gur glaine anois an t-aer i roinnt cathracha ar fud na hEorpa. Trí reachtaíocht an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a chur i bhfeidhm, cabhraíodh le laghdú aon trian a spreagadh ar líon na mbásanna roimh am a bhaineann le truailliú aeir a ó bhí 2005 ann, agus sábháladh breis agus 150 000 duine dá bharr[83].

Tugann an Coimisiún aird ar leith ar **fhoraoisí na hEorpa a chosaint**, ós rud é go stórálann siad stoic charbóin shuntasacha, go mbaintear carbón den atmaisféar leo agus go bhfuil siad fíorthábhachtach don bhithéagsúlacht agus do sholáthar seirbhísí éiceachórais ríthábhachtacha. Nuair a theip ar Bhallstáit meathlú gnáthóg foraoise a sheachaint go córasach, meathlú de dheasca cleachtais lománaíochta neamhdhleathaí nó cleachtais neamhrialta bainistíochta foraoisí, chuir an Coimisiún tús le himeacht um shárú, agus úsáid á baint as íomhánna satailíte mar mhodh chun meathlú na ngnáthóg foraoise a léiriú. Tá roinnt nósanna imeachta um shárú fós ar siúl in aghaidh ceithre Bhallstát, agus tá rialú eisithe cheana féin ag an gCúirt Bhreithiúnais i gceann amháin de na cásanna sin. In imeachtaí cúirte den chineál céanna a bhaineann le foraoisí a chosaint, d'agair an Coimisiún Airteagal 279 CFAE, ag iarraidh ar an gCúirt bearta eatramhacha a fhorchur chun damáiste doleigheasta dár bhforaoisí a sheachaint. Ina dhiaidh sin, d'ordaigh an Chúirt Bhreithiúnais don Bhallstát lena mbaineann scor d'oibríochtaí bainistíochta foraoise gníomhacha agus de sprúis mharbha atá ann leis na céadta a bhaint d'fhonn gnáthóga foraoise a chosaint, nó d'fhorchuirfeadh sé fíneáil laethúil ar shlí eile go dtí go gcomhlíonfaí an t-ordú.

Baineann an Coimisiún úsáid as gach modh atá ar fáil dó chun gnólachtaí Eorpacha a chosaint ar bhacainní ar rochtain ar **sholáthar poiblí**. Cuirtear san áireamh leis sin forfheidhmiú cuí na rialacha atá ann cheana a chinntiú chun mí-úsáid dámhachtainí díreacha nó baint srianta ar fhochonraitheoireacht a sheachaint, rudaí atá ríthábhachtach chun ligean do FBManna páirt a ghlacadh i nósanna imeachta tairisceana, thar

[81] Treoir 2008/50/CE an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip.

[82] Tá an nuashonrú le haghaidh 2021 bunaithe ar na sonraí is déanaí maidir le cáilíocht an aeir a bhí ar fáil tráth an scríofa, is iad sin sonraí le haghaidh 2020.

[83] Foinse: An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

theorainneacha agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

I réimse na **seirbhísí**, sheol an Coimisiún nósanna imeachta um shárú in aghaidh deich mBallstát as srianta a fhorchur ar sheirbhísí áirithe a sholáthraíonn ailtirí, innealtóirí, cuntasóirí agus comhairleoirí cánach, dlíodóirí go háirithe, agus san earnáil tógála agus foirgníochta. Mar gheall ar na srianta sin, bhí sé deacair do chuideachtaí den sórt sin oibriú ar bhonn trasteorann agus méadú. Dá bhrí sin, ní raibh daoine ná gnólachtaí in ann tairbhe a bhaint as na seirbhísí is iomaíche agus is nuálaí a bhí ar fáil ar mhargadh an Aontais. Tar éis na nósanna imeachta um shárú sin, leasaigh na Ballstáit a reachtaíocht.

Níor cheart bacainní ná aimhréireacht a bheith ann do thomhaltóirí Eorpacha maidir le rochtain a fháil ar earraí agus ar sheirbhísí ar líne thar theorainneacha, gan beann ar a suíomh, a n-áit chónaithe, nó a náisiúntacht. Thacaigh an Coimisiún leis na Ballstáit an **Rialachán maidir le Geobhlocáil**[84] a chur i bhfeidhm, rialachán lena gcosnaítear rochtain tomhaltóirí ar shuíomhanna gréasáin ríomhthráchtála ar idirdhealú ar bhonn náisiúntachta, áit chónaithe nó bunaíochta do chustaiméirí a bhíonn ag siopadóireacht ar líne. Ach cuirtear san áireamh i measc freagrachtaí na mBallstát an ceanglas a leagan amach conas a d'fhorfheidhmeofaí na rialacha agus cé a d'fhorfheidhmeofaí iad. Sa chomhthéacs sin, in 2019 sheol an Coimisiún nósanna imeachta um shárú in aghaidh naoi mBallstát. Faoi 2021, bhí a n-oibleagáidí comhlíonta ag na Ballstáit ar fad, agus ceapadh údaráis inniúla ar fud na mBallstát uile. Chabhraigh sé sin, mar shampla, le himscrúdú ar fud an Aontais a ullmhú ar inneall cuardaigh iomráiteach ar líne maidir le cleachtais gheobhlocála gan údar maith[85].


Chun an **smacht reachta** a chosaint, agus go sonrach chun neamhspleáchas na mbreithiúna a chosaint agus chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach ag cúirteanna náisiúnta neamhspleácha a chinntiú, rinne an Coimisiún gníomhaíocht in aghaidh Ballstát amháin toisc gur ghlac sé reachtaíocht lenar íslíodh aois scoir na mbreithiúna, mar aon le cumhacht iomlán lánroghnach de chuid an fheidhmeannais síneadh a chur le sainorduithe gníomhacha, rud a chuir iallach ar roinnt breithiúna a bhí i mbun dualgas gníomhach dul ar scor. Thug an Coimisiún an cás os comhair na Cúirte Breithiúnais, agus dheimhnigh sí gur sáraíodh dlí an Aontais. Dá thoradh sin, rinne an Ballstát a rialacha scoir do bhreithiúna a aisghairm agus na breithiúna ar cuireadh iallach orthu dul ar scor a athfhostú.

Tar éis gearáin a fháil a léirigh easpa cur chun feidhme na **rialacha méadraithe agus billeála** maidir le teas agus uisce te in áiteanna cónaithe faoin **Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh**[86], chuir an Coimisiún tús le nós imeachta um shárú. Ós rud é nach ndearnadh an treoir a thrasuí sa Bhallstát lena mbaineann, chinn an Coimisiún an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Tar éis don Chúirt a rialú a eisiúint, ghlac an Ballstát an reachtaíocht is gá. Tá sé de cheart ag daoine atá ina gcónaí i bhfoirgnimh ilárasán a méadair teasa agus uisce the féin a bheith a suiteáilte, ionas gur féidir leo monatóireacht a dhéanamh ar a n-ídiú fuinnimh aonair agus bearta a dhéanamh chun an

84 Athbhreithniú gearrthéarmach ar an Rialachán maidir le Geobhlocáil
85 https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/coordinated-actions/social-media-and-search-engines_en#google
86 Treoir 2012/27/AE an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

t-ídiú a laghdú.


Cuireann an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú ar a thionscnamh féin, mar obair leantach ar ghearán, nó go huathoibríoch gach dhá mhí, is é sin, cásanna neamhchumarsáide a eascraíonn as teip fhéindearbhaithe na mBallstát treoracha an Aontais a thrasuí go hiomlán faoin spriocdháta. Ba thosaíocht de chuid an Choimisiúin é cásanna ina ndéantar treoracha a thrasuí go déanach sa dlí náisiúnta a fhiosrú, agus is tosaíocht é fós, ós rud é go gcuireann na moilleanna sin cosc ar na tairbhí a bhaineann le rialacha comhaontaithe an Aontais a theacht chun cinn. Le himeacht ama, bhí níos lú cásanna de Bhallstáit a chaill an sprioc-am chun treoracha a thrasuí, rud a d'fhág go raibh laghdú foriomlán ar nósanna imeachta um shárú[87].




Le blianta beaga anuas, osclaítear cion níos mó cásanna tar éis **imscrúduithe an Choimisiúin féin[88]**. Mar thoradh ar na cásanna féintionscnaimh sin maidir le sárú, is féidir leis an gCoimisiún a chur chuige straitéiseach maidir le forfheidhmiú a chur chun cinn, d'fhonn cásanna tosaíochta a leagtar amach i dTeachtaireacht 2016 a fhiosrú, ina measc trasuí mícheart treoracha, agus gníomhú go gasta agus go daingean maidir le sáruithe a chuireann bac ar shaoirsí bunúsacha agus ar luachanna bunúsacha an Aontais.

[87] Ó bhí 2011 ann, tá laghdú tagtha ar líon na gcásanna a bhaineann le trasuí déanach, ó níos mó ná 1 000 go thart ar 500 in aghaidh na bliana.

[88] Níl cásanna neamhchumarsáide a osclaíodh go huathoibríoch mar gheall ar theip treoracha a thrasuí,, ná cásanna atá bunaithe ar ghearáin san áireamh leis seo.




## VII. FREAGAIRT THAPA AGUS ÉIFEACHTACH AR GHÉARCHÉIMEANNA

Le géarchéimeanna nó cásanna éigeandála, mar shampla paindéim COVID-19 agus an cogadh foghach atá an Rúis a chur an an Úcráin, cuireadh comhlíonadh iomlán cheithre shaoirse bhunúsacha an Aontais agus feidhmiú an mhargaidh aonair ag na Ballstáit faoi thástáil. In imthosca deacra, d'fhéadfadh sé go mbeadh cathú ann tús áite a thabhairt do bhreithnithe intíre seachas do chur i bhfeidhm ceart dhlí an Aontais. Mar sin féin, tá forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais fós ríthábhachtach do dhaoine agus do ghnólachtaí chun a chinntiú gur féidir leo leanúint de leas a bhaint as an gcosaint agus as an deimhneacht dlíthiúil a chuirtear ar fáil le dlí an Aontais, sin agus chun a chinntiú go seachadtar earraí agus seirbhísí riachtanacha don áit a bhfuil géarghá leo.

Léirigh géarchéimeanna a tharla le déanaí gur gá don Aontas dul in oiriúint agus go bhfuil sé in ann déanamh amhlaidh. Bhain an Coimisiún leas as raon leathan céimeanna chun cuidiú leis na Ballstáit agus leis an bpobal iad féin oiriúnú do dhálaí athraitheacha, idir reachtaíocht nua a mholadh chun rialacha a leasú agus treoraíocht, tacaíocht airgeadais, comhordú idir na húdaráis ábhartha agus idirphlé sonrach. Baineadh úsáid freisin as nósanna imeachta um shárú i gcás inar ghá. Chuidigh an cur chuige cuimsitheach sin chun a chinntiú go leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige le linn géarchéime. Mar thoradh air sin, cuireadh le tuiscint fhorleathan go raibh an tAontas in ann freagairt do na géarchéimeanna sin ar bhealach níos éifeachtaí le chéile ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh le freagairtí náisiúnta amháin.

Tá solúbthacht shuntasach ionsuite ag roinnt rialacha de chuid an Aontais cheana féin, solúbthacht ar baineadh leas maith aisti le linn na géarchéime, mar shampla an clásal éalaithe ginearálta sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis nó an ghníomhaíocht a rinneadh faoin

Treoir um Chosaint Shealadach[89]. Tá Creataí Sealadacha[90] glactha ag an gCoimisiún chun é a chur ar chumas do na Ballstáit úsáid a bhaint as an tsolúbthacht sna rialacha maidir le státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar. Rinne an Coimisiún tograí chun maoluithe sonracha a chur i bhfeidhm ar rialacha maidir le cruinnithe cuideachtaí, mar aon le teorainneacha ama a choigeartú i réimsí amhail tuairisceáin chánach. I gcásanna eile, tugadh soiléireacht sna treoirlínte maidir leis na rialacha atá ann cheana, mar shampla na rialacha a bhaineann le tionscnamh na 'Lánaí Glasa' chun sreabhadh leanúnach earraí sa mhargadh aonair a chinntiú agus chun saorghluaiseacht oibrithe criticiúla a chumasú le linn na paindéime, nó chun cuidiú le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí atá ag daoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin. Chuidigh bearta sonracha freisin chun a léiriú do na Ballstáit go raibh roghanna malartacha soiléire ann ar réitigh náisiúnta: le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, caomhnaíodh saorghluaiseacht daoine trí bhealach a thabhairt do na húdaráis náisiúnta chun stádas na sealbhóirí deimhnithe uile atá ag gluaiseacht ar fud an Aontais a sheiceáil. Faoi dheireadh 2021, bhí níos mó ná 1 bhilliún deimhniú eisithe ag na Ballstáit. Leis na bearta sin, caomhnaíodh sláine dhlí an Aontais, agus solúbthacht riachtanach á ceadú ag an am céanna.

Mar sin féin, bhí cásanna ann ina ndearna na Ballstáit iarracht rialacha an Aontais a shárú. Mar shampla, ag tús phaindéim COVID-19, thug roinnt Ballstát srianta onnmhairiúcháin isteach go haontaobhach ar chógais leighis nó ar threalamh cosanta, nó rinne siad bearta chun tús áite a thabhairt do tháirgeoirí intíre nó do sholáthraithe seirbhíse in earnálacha amhail bia agus taisteal. Bhí an Coimisiún ar an airdeall i bhfianaise na mbagairtí sin ar an margadh aonair agus rinneadh go leor bearta cosantacha a chuir na Ballstáit ar bun sna chéad mhíonna den phaindéim a aisghairm go réasúnta tapa. Rinne an Coimisiún imeacht sáraithe freisin in aghaidh bearta cosantacha náisiúnta tar éis an ionraidh ar an Úcráin, mar shampla toirmisc ar onnmhairiú i roinnt earnálacha eacnamaíocha, mar shampla ar ghránaigh agus ar ábhair thógála, nó praghsáil idirdhealaitheach breosla a chur i bhfeidhm ar fheithiclí a bhfuil plátaí ceadúnais eachtracha acu.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, ghlac an Coimisiún bearta chun iompar, idirthuras agus malartuithe leis an Úcráin a éascú, ina measc 'plean gníomhaíochta le haghaidh Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chun onnmhairiú talmhaíochta agus trádáil dhéthaobhach na hÚcráine leis an Aontas a éascú'[91], agus ar an gcaoi sin chun tionchar na géarchéime seo ar iompar earraí a mhaolú Chuir an Coimisiún dleachtanna allmhairiúcháin ar onnmhairí uile na hÚcráine chuig an Aontas Eorpach ar fionraí go ceann bliana. Rinne sé bearta freisin chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú na smachtbhannaí in aghaidh daoine agus eintitis liostaithe Rúiseacha agus Bealarúiseacha a neartú. D'eisigh an Coimisiún roinnt treoirdhoiciméid maidir le léirmhíniú smachtbhannaí, lenar tugadh do na

[89] Treoir 2001/55/CE an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar.

[90] An Creat Sealadach maidir le státchabhair i gcomhthéacs ráig an choróinvíris agus an Creat Sealadach Géarchéim i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin.

[91] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Plean gníomhaíochta le haghaidh Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chun onnmhairiú talmhaíochta agus trádáil dhéthaobhach na hÚcráine leis an Aontas a éascú', COM(2022) 217 final.

Ballstáit soiléirithe maidir le ceisteanna nua agus tacaíocht leanúnach chun a bhforfheidhmiú ceart a chinntiú.

Chuir an Coimisiún uirlisí éigeandála i ngníomh faoi dhlí an Aontais chun tionchar na géarchéime fuinnimh a mhaolú. Ar thogra ón gCoimisiún, ghlac na comhreachtóirí rialacha chun a chinntiú go líonfar saoráidí stórála gáis[92] ionas go mbeidh dóthain gáis ar fáil le linn shéasúr geimhridh 2022, rud a bhfuil tionchar díreach aige ar dhaoine agus ar ghnólachtaí. Mhol an Coimisiún go pras freisin rialacha nua maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás[93], agus maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh[94]. Is céim bhreise iad na hidirghabhálacha éigeandála sin in obair an Choimisiúin lena chinntiú go dtugtar freagairt láidir agus éifeachtúil ar ghéarchéimeanna le creat dlíthiúil an Aontais.

Tá ceachtanna á bhfoghlaim ag an gCoimisiún freisin agus tá sé ag féachaint ar an gcaoi ar gá sásraí solúbthachta agus comhordúcháin ionsuite a bheith ag rialacha an Aontais, ionas gur féidir gníomhaíocht a dhéanamh laistigh de chreat dlíthiúil réamhshocraithe má bhíonn géarchéim ann. Bunaithe ar an taithí a fuarthas mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ghlac an Coimisiún plean teagmhasach le haghaidh iompair[95], plean lena gcuirtear bosca uirlisí ar fáil chun déileáil le haon chineál géarchéime iompair agus lena gcinntítear go háirithe go ndéantar reachtaíocht an Aontais a leasú agus a fhorfheidhmiú chun freagairt go hiomchuí d'imeachtaí den sórt sin má tharlaíonn siad agus nuair a tharlaíonn siad. Ar an gcaoi chéanna, sa togra uaidh i mí na Nollag 2021 chun Cód Teorainneacha Schengen a leasú[96], thug an Coimisiún sásra comhordúcháin isteach chun déileáil le bagairtí sláinte ag teorainneacha seachtracha maille le sásra nua cosanta Schengen chun freagairt choiteann a sholáthar ag na teorainneacha inmheánacha i gcásanna bagairtí a dhéanann difear do na Ballstáit. Faoin Aontas Sláinte Eorpach, chruthaigh an Coimisiún an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), chun borradh a chur faoi chumas na hEorpa éigeandálaí sláinte trasteorann a chosc agus freagairt thapa a thabhairt orthu, agus chun cur chun feidhme beart éigeandála a neartú. Ina theannta sin, leis an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair[97], beifear in ann freagairt go pras i ngéarchéimeanna chun cúrsaíocht earraí agus daoine a choinneáil ar bun, agus chun an rochtain ar sholáthairtí agus seirbhísí ríthábhachtacha a chosaint.

### *Úsáid a bhaint as an mbosca uirlisí forfheidhmiúcháin ilchineálach i*

[92] Rialachán (AE) 2022/1032 an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis.

[93] Rialachán (AE) 2022/1369 an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (bunaithe ar Airteagal 122 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh).

[94] Togra le haghaidh Rialachán maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, COM(2022) 473 final.

[95] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Plean teagmhasach iompar', COM(2022) 211 final.

[96] Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais i dtaca leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha, COM(2021) 891 final.

[97] Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle, COM(2022) 459 final.

***ngéarchéim***

Chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar an tionscal taistil agus mheas roinnt Ballstát go raibh gá le freagairt. Bearta náisiúnta a d'fhág nach bhfuair daoine ar cuireadh a laethanta saoire ar ceal ach dearbháin taistil nó aisíocaíochtaí a cuireadh i bhfad siar, ní raibh siad i gcomhréir leis na cearta atá ag taistealaithe aisíocaíocht a fháil faoi dhlí an Aontais. Mar chéad chéim, chuir an Coimisiún treoraíocht luath ar fáil maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir le **cearta paisinéirí**[98] agus d'eisigh sé Moladh maidir le dearbháin a tugadh mar rogha mhalartach ar aisíocaíochtaí ar thaisteal a cuireadh ar ceal, rud a léirigh conas is féidir leis na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do leachtacht airgeadais na n-oibreoirí iompair[99]. D'oibrigh sé leis na húdaráis fhorfheidhmiúcháin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí[100] ar idirphlé le haerlínte. Dá thoradh sin, in 2022, tháinig 16 aerlíne mhóra Eorpacha ar chomhaontú maidir le freagairt inar áiríodh aisíocaíocht níos mó ná 500 000 dearbhán eitilte a forchuireadh ar thomhaltóirí ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal le linn na paindéime. Ina theannta sin, thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh na mBallstát a d'achtaigh rialacha a sháraíonn Rialachán an Aontais maidir le Cearta Paisinéirí[101] nó an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe[102]. Chuir an chuid is mó acu a gcleachtas i gcomhréir le dlí an Aontais go pras agus níor ghá ach cás amháin a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

## VIII. CONCLÚID

Is ceann de phríomhthosaíochtaí an Choimisiúin é forfheidhmiú dhlí an Aontais agus beidh i gcónaí. Leagtar amach sa Teachtaireacht seo an réimse leathan éagsúil beart atá déanta ag an gCoimisiún chun dlí an Aontais a fhorfheidhmiú, agus sin i gcónaí i gcomhréir lenár gcuspóir deiridh: athrú dearfach a spreagadh agus a chinntiú go mbainfidh daoine agus gnólachtaí tairbhe iomlán as dlí an Aontais. D'fhéadfadh go leor spreagthaí a bheith ann maidir le heaspa cur chun feidhme nó cur chun feidhme mícheart, agus tá bosca uirlisí ilchineálach forbartha ag an gCoimisiún chun freagairt a thabhairt orthu.

Tá tairbhí díreacha bainte amach le cur chuige cuimsitheach, cliste agus straitéiseach i leith an fhorfheidhmiúcháin – idir aer níos glaine, caighdeáin níos airde maidir le cáilíocht uisce, iompar níos sábháilte, agus chosaint níos fearr do thomhaltóirí, sin agus caomhnú chearta agus shaoirsí bunúsacha an Aontais. Sna cásanna sin ar fad, tá sé ríthábhachtach oibriú leis na

---

98 Treoirlínte Léirmhínitheacha maidir le rialacháin an Aontais maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs na staide atá ag teacht chun cinn le COVID-19 2020/C 89 I/01.

99 Moladh (AE) 2020/648 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.

100 https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/consumer-protection-cooperation-network_en

101 Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu.

102 Treoir (AE) 2015/2302 an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara.


Ballstáit: is de thoradh iarracht chomhpháirteach a dhéantar dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, agus is ar na bearta is gá a bheith á ndéanamh ag na Ballstáit chun aon sárú a sheachaint agus a cheartú go pras, mar shampla trí chóras éifeachtach ceartais náisiúnta ag a bhfuil cúirteanna neamhspleácha, a bhraitheann an chomhlíontacht.

Ní imeacht aonuaire é dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ach teastaíonn iarracht sheasta leanúnach ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun a chinntiú go gcuirfear rialacha an Aontais i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach agus chun fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc. Mar gheall ar an timpeallacht idirnáisiúnta ina ngluaiseann cúrsaí ar aghaidh go sciobtha, na géarchéimeanna gan choinne agus na dúshláin nua forfheidhmiúcháin atá againn, ní mór don Choimisiún measúnú leanúnach a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas breise a chur ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm ár rialacha a chomhaontaítear go comhchoiteann. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair laistigh den Choimisiún agus i gcomhar leis na Ballstáit chun a chinntiú go mbeidh na huirlisí forfheidhmiúcháin cearta ar fáil chun dlí an Aontais a chur ag obair go praiticiúil[103]. Go háirithe, leis an measúnú sin, déantar meastóireacht ar cé acu atá nó nach bhfuil an bealach reatha ina ndéantar gearáin, próisis EU Pilot agus sáruithe a bhainistiú fós oiriúnach don fheidhm atá leis. Tá roinnt feabhsuithe ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin á meas cheana féin mar chuid den anailís sin.

Le himeacht ama, tá laghdú tagtha ar líon na dtreoracha nua, agus tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as **rialacháin** mar uirlis reachtach. Tá córas seanbhunaithe ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar thrasuí tapa ceart na dtreoracha agus chun an trasuí sin a fhorfheidhmiú. Tá cur chun feidhme agus forfheidhmiú rialachán chomh tábhachtach céanna – agus cé go bhfuil éifeacht dhíreach ag rialacháin, is minic a bhíonn sé sin ag brath ar obair na n-údarás náisiúnta. Éilítear le roinnt rialachán athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta, agus le neart díobh tugtar freagrachtaí atá fíor-riachtanach chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm do ghníomhaireachtaí náisiúnta nó do rialtóirí náisiúnta. Dá bhrí sin, cuirfidh an Coimisiún dlús lena iarrachtaí faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm rialachán ar bhealach níos córasaí agus níos straitéisí.

[103] Teachtaireacht ón gCoimisiún *Better Regulation:Joining forces to make better laws* [Rialáil Níos Fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh], COM(2021)219.




Measann an Coimisiún go bhfuil tábhachtach mhór ag baint leis an **trédhearcacht**. Cuidíonn sé leis an bpobal i gcoitinne páirt a ghlacadh i gcomhfhreagracht an fhorfheidhmiúcháin agus cuireann sé comhlíonadh níos tapa ag na Ballstát chun cinn. Is é sin an fáth gur mhéadaigh an Coimisiún de réir a chéile an fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phobal maidir lena ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. I dtuarascáil bhliantúil maidir le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais[104], leagtar amach na príomhthreochtaí, sonraítear an comhar leis na Ballstáit agus mínítear cinntí móra maidir le sárú. Soláthraíonn clár poiblí maidir le cásanna maidir le sárú[105] faisnéis cothrom le dáta maidir leis an gcéim dheireanach a glacadh i ngach cás. Foilsíonn an Coimisiún preaseisiúintí faoi na cinntí uile maidir le sárú a rinneadh, mar aon le faisnéis bhreise faoi na cinntí is tábhachtaí. Mar sin féin, tá roinnt réimsí sainaitheanta ag an bpobal agus ag an tsochaí shibhialta a bhféadfaí tuilleadh trédhearcachta a bhaint amach iontu, mar shampla an próiseas maidir le réamhshárú (EU Pilot), forbhreathnú ar chásanna agus staidreamh cothrom le dáta maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin. Leanfaidh an Coimisiún den fhaisnéis a chuirtear ar fáil go poiblí a fheabhsú agus a mhéadú, ar bhealach córasach atá inrochtana go héasca. Sa mheasúnú, féachfar níos

[104] https://ec.europa.eu/info/publications/annual-reports-monitoring-application-eu-law_en
[105] https://ec.europa.eu/atwork/applying-eu-law/infringements-proceedings/infringement_decisions/?lang_code=en

beaichte ar an bhfaisnéis bhreise ba cheart a chur ar fáil don phobal agus ar na modhanna a gcuirfear ar fáil í, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

Ar deireadh, breathnófar sa mheasúnú ar bhealaí chun feabhas a chur ar an g**comhar** idir an Coimisiún agus na Ballstáit i ndáil le trasuí pras ceart treoracha.

Tuairisceoidh an Coimisiún ar thoradh an mheasúnaithe le linn 2023.